

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 118



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66
4 Bealtaine 2023

Clár

II *Gníomhartha neamhrechtacha*

RIALACHÁIN

- ★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/893 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/340 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta** 1

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/893 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Aibreán 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/340 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 50, Airteagal 53, Airteagal 62(14) agus (15) agus Airteagal 72(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 2015/340 ⁽²⁾ ón gCoimisiún ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta.
- (2) Mar gheall ar an tsolúbthacht agus infhaighteacht theoranta acmhainní rialtóirí aerthráchta san Aontas tá srian ar acmhainneacht an chórais Eorpaigh um Bainistíocht Aerthráchta (“ATM”). Dá bhrí sin, is gá oiriúnuithe a dhéanamh leis an gceanglais rialála a bhaineann le ceadúnú agus cáilíocht rialtóirí aerthráchta.
- (3) Leis an tionscal eitlíochta ag éabhlóidiú go tapa, is gá go dtabharfaí Rialachán (AE) 2015/340 cothrom le dáta lena áirithiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm, costéifeachtach agus i gcomhréir leis na caighdeáin agus na cleachtais infheidhme go domhanda. Tá sé tábhachtach córas barainneach cáilíochtaí a bhunú gan aon fhorluití. D’áiritheofaí le tabhairt cothrom le dáta na siollabas oiliúna tosaigh ailíniú leordhóthanach leis an gceanglais rialála agus ceanglais oibríochtúla.
- (4) Measann Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (“an Ghníomhaireacht”) go bhféadfadh na hoiliúintí do rialtóirí aerthráchta míleata a sholáthraítear faoi láthair sna Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le hardleibhéal sábháilteachta agus go bhfuil siad inchomparáide leis na ceanglais oiliúna do rialtóirí aerthráchta sibhialta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2015/340. Dá bhrí sin, ba cheart oiliúintí náisiúnta do rialtóirí aerthráchta míleata a thabhairt san áireamh agus ceadúnais rialtóra aerthráchta an Aontais á n-eisiúint.

⁽¹⁾ IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) Uimh 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 ón gCoimisiún (IO L 63, 6.3.2015, lch. 1).

- (5) Nuair a dhéantar iarratas ar cheadúnas rialtóir aerthráchta náisiúnta míleata a thiontú, is féidir ceadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint ar choinníoll go gcomhlíonann taithí oiliúna tosaigh míleata an iarratasóra na ceanglais oiliúna tosaigh a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/340 bunaithe ar an tuarascáil tiontaithe náisiúnta agus tar éis aon oiliúint bhreise a chur i gcrích de thoradh na hanailíse bearna atá sa tuarascáil sin.
- (6) Chun críche an tiontaithe sin, ba cheart a mheas go bhfuil deimhnithe náisiúnta lena bhfianáítear comhlíontacht leis na ceanglais mhíleata náisiúnta is infheidhme a bheith coibhéiseach le ceadúnais rialtóir aerthráchta míleata náisiúnta.
- (7) Tabharfar san áireamh taithí a fuarthas roimhe sin faoin bhforáil maidir le rialú aerthráchta míleata, i gcás ina mbunaítear formhuiniú aonaid an chúrsa don iarratasóir i gcomhréir le pointe ATCO.D.055 (b)(7) d'Iarscríbhinn I.
- (8) Ba cheart go gcomhoibreodh údaráis náisiúnta inniúla agus údaráis mhíleata na mBallstát i dtreo cur chun feidhme éifeachtúil thiontú ceadúnais rialtóir aerthráchta míleata náisiúnta ina gceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta.
- (9) Ba cheart na ceanglais infheidhme maidir leis na húdaráis a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/340 a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise dul chun cinn teicniúil. Ina theannta sin, ba cheart comhsheasmhacht a áirithiú idir na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/340 ⁽³⁾ agus na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ agus i Rialacháin (AE) Uimh. 965/2012 ⁽⁵⁾, (AE) Uimh. 1178/2011 ⁽⁶⁾ agus (AE) Uimh. 139/2014 ó tharla, i bhformhór na gcásanna, gurb é an t-údarás freagrach as formhaoirseacht ar rialtóirí aerthráchta ("ATCONna") agus eagraíochtaí oiliúna an comhlacht céanna le haghaidh níos mó ná fearann eitlíochta amháin. Dá réir sin, déantar foráil sa Rialachán seo do "chur chuige iomlán an chórais", ar cheart go mbeadh cur chuige comhsheasmhach loighciúil agus teicneolaíoch ar fud na bhfearann eitlíochta i gceist leis.
- (10) Nuair a ailnítear Rialachán (AE) 2015/340 le Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾ a mhéid a bhaineann le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith ba cheart go méadódh deimhneacht dhlíthiúil agus go dtacófaí le cur chun feidhme córas éifeachtach um thuairisciú tarluithe mar chuid de bhainistíocht sábháilteachta a n-eagraíochtaí.
- (11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear faoi Airteagal 127(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2015/340 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta eile agus a bhformhaoirseacht, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

⁽⁵⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1).

⁽⁶⁾ Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 44, 14.2.2014, lch. 1).

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18).

“(a) na rialacha agus na nósanna imeachta faoina ndéanfar na ceadúnais, na rátálacha agus na formhuinthe a bhaineann leis na ceadúnais rialtóra aerthráchta agus ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint, a choinneáil ar bun, a leasú, a theorannú, a chur ar fionraí nó a chúlghairm, lena n-áirítear na rialacha agus na nósanna imeachta faoina ndéanfar ceadúnais náisiúnta rialtóra aerthráchta a fuarthas le linn seirbhís mhíleata a thiontú ina gceadúnais rialtóra aerthráchta de chuid an Aontais, agus pribhléidí agus freagrachtaí shealbhóirí na gceadúnas, na rátálacha agus na bhformhuinthe sin;”;

(2) in Airteagal 1(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (a):

“(a) rialtóirí aerthráchta mac léinn agus rialtóirí aerthráchta ag feidhmiú a bhfeidhmeanna laistigh de raon feidhme Rialachán (AE) 2018/1139;”;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

“Airteagal 3

Seirbhísí rialaithe aerthráchta a sholáthar

1. Ní sholáthróidh ach rialtóirí aerthráchta cáilithe agus ceadúnaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo seirbhísí rialaithe aerthráchta.

2. Féadfaidh Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar a bpearsanra míleata a sholáthraíonn seirbhísí don phobal.”;

(4) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (2):

“(2) ciallaíonn ‘an modh inghlactha comhlíonta (AMC)’ caighdeán neamhcheangailteacha arna nglacadh ag an nGníomhaireacht chun modh a léiriú chun comhlíontacht a shuí le Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (5):

“(5) ciallaíonn ‘modh malartach comhlíonta’ rogha malartach le AMC atá i bhfeidhm faoi láthair chun comhlíontacht a shuí le Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme nár ghlac an Gníomhaireacht aon AMC bainteach ina leith;”;

(c) cuirtear pointí (7a) agus (7b) seo a leanas isteach:

“(7a) ciallaíonn ‘creidmheas’ aitheantas na hoiliúna ar thug rialtóir aerthráchta faoi le linn a seirbhís mhíleata chun críche iarratas a dhéanamh ar cheadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta le heisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(7b) ciallaíonn ‘tuarascáil um thiontú náisiúnta’ tuarascáil ar a bonn ar féidir leis an údarás inniúil chuig a gcuirtear isteach an t-iarratas ar cheadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta creidmheas a thabhairt as oiliúint rialtóra aerthráchta roimhe sin;”;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (11):

“(11) ciallaíonn ‘ábhar treoraíochta (GM)’ ábhar neamhcheangailteach arna eisiúint ag an nGníomhaireacht, a chabhraíonn le brí gníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme, agus a n-úsáidtear é chun tacú le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme;”;

(e) cuirtear pointe (14a) seo a leanas isteach:

“(14a) ciallaíonn ‘formhuiniú ceadúnais’ an t-údarú a chuirtear ar an gceadúnas agus atá mar chuid den cheadúnas, a thugann le fios cáilíocht shonrach an tsealbhóra ceadúnais. Is téarma cineálach atá ann chun tuairisc a thabhairt ar chuimsiú an teagascóra oiliúna le linn na hoibre, an teagascóra feistí oiliúna ionsamhalta eitilte, an mheasúnóra agus formhuinthe ábaltachta teanga.”;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 19:

“(19) ciallaíonn ‘éagumas sealadach’ staid shealadach ina gcoisctear an sealbhóir ceadúnais ó phribhléidí an cheadúnais a fheidhmiú i gcás ina bhfuil rátálacha, formhuinthe agus a dheimhniú leighis nó a deimhniú leighis bailí;”;

(g) cuirtear isteach an pointe 20a seo a leanas:

“(20a) ciallaíonn ‘rátáil’ údarú a chuirtear ar cheadúnas nó a bhaineann le ceadúnas agus atá mar chuid de, ar a luaitear coinníollacha, pribhléidí nó teorainneacha speisialta a bhaineann leis an gceadúnas sin;”;

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (31):

“(31) ciallaíonn ‘bailíochtú’ próiseas trínar féidir leis an sealbhóir, trí chúrsa formhuinthe aonaid a bhaineann le rátáil nó formhuiniú rátála a chur i gcrích go rathúil, na pribhléidí a bhaineann leis an rátáil nó an formhuiniú rátála a fheidhmiú.”;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

“Airteagal 7

Forálacha idirthréimhseacha

1. Maidir le ceadúnais, rátálacha agus formhuinthe arna n-eisiúint i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de reachtaíocht náisiúnta bunaithe ar Threoir 2006/23/CE agus ceadúnais, rátálacha agus formhuinthe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 measfar iad a bheith eisithe i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Beidh údarú go fóill ag sealbhóirí rátáil Amharc Rialaithe Aeradróim (ADV), nach bhfuil rátáil Ionstraim Rialaithe Aeradróim (ADI) acu, chun seirbhís rialaithe aerthráchta a sholáthar do thrácht aeradróim ag aeradróm nach bhfuil aon nósanna imeachta tagtha nó imeachta ionstraime foilsithe acu, ar choinníoll go gcothaítear bailíocht an fhorhmhuinthe aonaid a bhaineann leis an rátáil ADV.”;

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

“Airteagal 8

Athruithe ar rátáil agus formhuinthe rátála

1. Athróidh na húdaráis inniúla ainm na rátála Ionstraim Rialaithe Aeradróim (ADI) arna n-eisiúint roimh an 4 Lúnasa 2024 go Rialú Aeradróim (ADC) tráth nach déanaí ná an 4 Lúnasa 2027 ar mhodh a bhunóidh an t-údarás inniúil.

2. Ní eiseoidh na húdaráis inniúla ceadúnais ar a n-áirítear rátáil Amhairc Rialaithe Aeradróim (ADV) tar éis an 4 Lúnasa 2024 ach amháin do na rialtóirí aerthráchta sin dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 7.

3. Ní eiseoidh na húdaráis inniúla ceadúnais ar a n-áirítear formhuinthe rátála Rialaithe Aeir (AIR), Rialaithe Gluaiseachta Talún (GMC), Rialaithe Túir (TWR), Faireachais Gluaiseachta Talún (GMS), Rialaithe Radair Aeradróim (RAD) agus Rialaithe Críochfoirt (TCL) tar éis an 4 Lúnasa 2024.

4. Beidh pribhléidí formhuinthe rátála Rialaithe Aeir (AIR), Rialaithe Gluaiseachta Talún (GMC) agus Rialaithe Túir (TWR) arna n-eisiúint roimh an 4 Lúnasa 2024 mar pháirt de phribhléidí rátáil Rialaithe Aeradróim (ADC). Má bhíonn feidhmiú pribhléidí an tsealbhóra teoranta do rialú aeir nó rialú talún amháin, tabharfar le fios é sin san fhorhmhuiniú aonaid, i gcomhréir le pointe ATCO.B.020(d) d'Iarscríbhinn I, tráth a athraíonn ainm an rátáil Ionstraim Rialaithe Aeradróim (ADI) ina Rialú Aeradróim (ADC) i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

5. Beidh pribhléidí an fhorhmhuinthe rátála Faireachas Gluaiseachta Talún (GMS) arna n-eisiúint roimh an 4 Lúnasa 2024 mar pháirt de phribhléidí an fhorhmhuinthe aonaid a bhaineann le rátáil Rialaithe Aeradróim.

6. Athróidh na húdaráis inniúla ainm an fhorhmhuinthe rátála Rialaithe Radar Aeradróim (RAD) arna eisiúint roimh an 4 Lúnasa 2024 chuig formhuiniú rátála Faireachas Rialaithe Aeradróim (SUR), tráth a athraíonn ainm an rátáil Ionstraim Rialaithe Aeradróim (ADI) ina Rialú Aeradróim (ADC) i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

7. Beidh pribhléidí an fhorhmhuinthe rátála Rialú Críochfoirt (TCL) arna n-eisiúint roimh an 4 Lúnasa 2024 mar pháirt de phribhléidí an fhorhmhuinthe aonaid a bhaineann le rátáil Faireachas um Rialú Ascaimh (APS) nó Faireachas um Rialú Limistéir (ACS).”;

(7) Cuirtear an tAirteagal (8a) seo a leanas isteach:

“Airteagal 8a

Tiontú ceadúnais rialtóir aerthrácha míleata náisiúnta ina gceadúnais mic léinn rialtóra aerthrácha

1. Féadfaidh sealbhóir ceadúnas rialtóir aerthrácha míleata náisiúnta arna eisiúint ag Ballstát iarratas a dhéanamh ar thiontú a cheadúnais sin ina cheadúnas mic léinn rialtóra aerthrácha dá dtagraítear i bpointe ATCO.B.001. Cuirfear an t-iarratas ar thiontú ceadúnais faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit inar thug an t-iarratasóir seirbhís ina bhfórsaí míleata.
2. Maidir leis an údarás inniúil a fuair an t-iarratas dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh sé creidmheas don iarratasóir chun críche comhlíontacht a léiriú leis na ceanglais ábhartha d'Iarscríbhinn I (Cuid ATCO) i gcomhréir leis an tuarascáil tiontaithe náisiúnta a bhunaigh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann.
3. Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann fógra faoin tuarascáil tiontaithe náisiúnta don Ghníomhaireacht agus:
 - (a) tabharfaidh sé tuairisc maidir leis na ceanglais náisiúnta ar a mbonn a eisítear ceadúnais rialtóra aerthrácha míleata sa Bhallstát sin;
 - (b) tabharfaidh sé tuairisc ar raon feidhme phribhléidí na gceadúnas rialtóra aerthrácha míleata dá dtagraítear i bpointe (a);
 - (c) tabharfaidh sé le fios cé na ceanglais d'Iarscríbhinn I (Cuid ATCO) gur cheart creidmheas a thabhairt;
 - (d) tabhairt le fios cén oiliúint bhreise, lena n-áirítear na scrúduithe agus measúnuithe is gá, is gá d'iarratasóirí tabhairt fúithi; déanfaidh eagraíocht oiliúna a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III (Cuid ATCO.OR) agus atá deimhnithe chun oiliúint tosaigh a sholáthar chun críche ceadúnais mic léinn rialtóra aerthrácha a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo na scrúduithe agus na measúnuithe is gá;
 - (e) áireofar ann ráiteas trína ndeimhnítear gur féidir a mheas go bhfuil comhlíontacht an iarratasóra leis na ceanglais oiliúna, scrúdúcháin agus measúnúcháin dá dtugtar tuairisc sa tuarascáil tiontaithe náisiúnta coibhéiseach le cur i gcrích rathúil na hoiliúna tosaigh is gá faoin Rialachán seo chun críche ceadúnas mic léinn rialtóra aerthrácha a eisiúint;
 - (f) áireofar ann cóipeanna den doiciméadacht tacaíochta ábhartha ar fad, lena n-áirítear cóipeanna de na ceanglais agus na nósanna imeachta náisiúnta ábhartha, a léiríonn an chaoi ar bhunaigh údarás inniúil an Bhallstáit sin na gnéithe a liostaítear i bpointí (a) go (e) thuas.”;
- (8) Leasaítear Iarscríbhinn I go IV i gcomhréir le hIarscríbhinn I go IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Dáta teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 4 Lúnasa 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Aibreán 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I (CUID ATCO) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.A.010:

“ATCO.A.010 Iarratas ar údarás inniúil a athrú

- (a) Má tá an sealbhóir ceadúnais chun pribhléidí formhuinthe aonaid a fheidhmiú i mBallstát nárbh é an t-údarás inniúil de a d'eisigh an ceadúnas, iarrfaidh an sealbhóir ceadúnais athrú údarás inniúil chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na pribhléidí sin le feidhmiú i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaigh an t-údarás sin. Chun na críche sin, roinnfidh na húdarás inniúla atá bainteach an fhaisnéis ábhartha ar fad is gá chun athrú údarás inniúil agus malartú ceadúnais a dhéanamh de réir na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe ATCO. AR.B.001(c) agus pointe ATCO.AR.D.003.
- (b) De mhaolú ar phointe (a) thuas, níl gá le hathrú údarás inniúil ach amháin i gcás ina bhfeidhmítear pribhléidí teagascóra feistí oiliúna ionsamhalta eitilte nó pribhléidí measúnóra i dtimpeallacht feistí oiliúna ionsamhalta eitilte nó i gcás ina bhfeidhmítear pribhléidí ceadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta.
- (c) Chun críocha phribhléidí an cheadúnais a fheidhmiú i mBallstát seachas an Ballstát inar eisíodh an ceadúnas, ní mór go gcomhlíonadh sealbhóir an cheadúnais na ceanglais ábaltachta teanga dá dtagraítear i bpointe ATCO. B.030 bunaithe ag an mBallstát ina bhfuil na pribhléidí le feidhmiú.”;

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.A.015:

“ATCO.A.015 Feidhmiú pribhléidí ceadúnais agus éagumas shealadaigh

- (a) Beidh feidhmiú na bpribhléidí a dheonaíonn ceadúnas ag brath ar na rátálacha agus ar na formhuinthe rátála, bailíocht na bhformhuinthe aonaid agus ceadúnais, agus an deimhnithe leighis, seachas i gcás nach bhfuil gá leis an deimhniú leighis i gcomhréir le pointe (b).
- (b) Níl gá leis an deimhniú leighis i gcás pribhléidí teagascóra nó measúnóra a fheidhmiú i dtimpeallacht feistí oiliúna ionsamhalta eitilte.
- (c) Ní fheidhmeoidh sealbhóirí ceadúnais pribhléidí a gceadúnais i gcás ina bhfuil amhras orthu maidir le bheith in ann pribhléidí an cheadúnais a fheidhmiú go sábháilte agus sna cásanna sin tabharfaidh siad fógra láithreach don soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta ábhartha maidir leis an éagumas sealadach pribhléidí a gceadúnais a fheidhmiú.
- (d) Féadfaidh soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta éagumas sealadach an tsealbhóra ceadúnais a dhearbhu má fhaigheann siad eolas maidir le haon amhras a bhaineann le cumas an tsealbhóra ceadúnais pribhléidí an cheadúnais a fheidhmiú go sábháilte.
- (e) Forbróidh soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta agus cuirfidh siad chun feidhme nósanna imeachta oibiachtúla, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha chun sealbhóirí ceadúnais a bhfuil éagumas sealadach á dhearbhu acu a chumasú pribhléidí a gceadúnais a fheidhmiú i gcomhréir le pointe (c), chun éagumas sealadach an tsealbhóra ceadúnais a dhearbhu i gcomhréir le pointe (d), agus chun an t-údarás inniúil a chur ar an eolas mar a shainítear sa nós imeachta sin.
- (f) Áireofar na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (e) sa scéim inniúlachta aonaid de réir phointe ATCO.B.025 (a)(13).”;

3. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.B.001:

“ATCO.B.001 Ceadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta

- (a) Beidh údarú ag sealbhóirí ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta chun seirbhísí rialaithe aerthráchta a sholáthar i gcomhréir leis an rátáil/na rátálacha agus an formhuiniú/na formhuinthe rátála atá ina gceadúnas faoi mhaoirseacht teagascóra oiliúna le linn na hoibre, agus chun tabhairt faoi oiliúint le haghaidh formhuiniú/ formhuinthe rátála agus formhuiniú/ formhuinthe aonaid breise.

- (b) I gcás iarratasóirí ar cheadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta:
- (1) beidh 18 mbliana d'aois ar a laghad slánaithe acu;
 - (2) laistigh den 12 mhí roimh an iarratas, ní mór go mbeadh oiliúint tosaigh curtha i gcrích go rathúil acu ag eagraíocht oiliúna a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III (Cuid ATCO.OR) atá ábhartha don rátáil, agus más infheidhme, don fhormhuiniú rátála, a leagtar amach i gCuid ATCO, Fochuid D, Roinn 2;
 - (3) beidh deimhniú leighis bailí acu;
 - (4) beidh leibhéal leordhóthanach ábaltachta teanga léirithe acu i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointe ATCO.B.030.
- (c) Beidh an formhuiniú/na formhuinithe ábaltachta teanga ar an gceadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta agus rátáil amháin ar a laghad agus, más infheidhme, formhuiniú rátála.
- (d) I gcás sealbhóir ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta nár thosaigh ag feidhmiú phribhléidí an cheadúnais sin laistigh de 1 bhliain amháin óna dháta eisiúna nó a chuir isteach ar fheidhmiú na bpribhléidí sin ar feadh tréimhse níos mó ná 1 bhliain amháin, ní fhéadfaidh sé oiliúint le linn na hoibre a thosú nó leanúint léi sa rátáil sin ach amháin:
- (1) má rinne eagraíocht oiliúna a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III (Cuid ATCO.OR) agus atá deimhnithe chun oiliúint tosaigh ábhartha don rátáil a sholáthar measúnú ar inniúlacht roimhe sin maidir lena gcomhlíonann an sealbhóir ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta go fóill na ceanglais atá ábhartha don rátáil sin, agus
 - (2) tar éis aon cheanglais oiliúna de thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i bpointe (d)(1) thuas a chomhlíonadh.”;
4. i bpointe ATCO.B.005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):
- “(e) I gcás sealbhóir ceadúnais rialtóra aerthráchta nár thosaigh ag feidhmiú pribhléidí rátála laistigh de 1 bhliain amháin óna dháta eisiúna, ní fhéadfaidh sé oiliúint le linn na hoibre a thosú sa rátáil sin ach amháin:
- (1) má rinne eagraíocht oiliúna a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III (Cuid ATCO.OR) agus atá deimhnithe chun oiliúint tosaigh ábhartha don rátáil a sholáthar measúnú ar inniúlacht roimhe sin maidir lena gcomhlíonann inniúlacht roimhe sin an tsealbhóra ceadúnais rialtóra aerthráchta go fóill na ceanglais atá ábhartha don rátáil sin, agus
 - (2) tar éis aon cheanglais oiliúna de thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i bpointe (e)(1) thuas a chomhlíonadh.”;
5. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.B.010:

“ATCO.B.010 Rátálacha le haghaidh rialtóirí aerthráchta

- (a) Beidh ceann amháin nó níos mó de na rátálacha a leanas ag ceadúnais d'fhonn an cineál seirbhíse a bhfuil an sealbhóir ceadúnais údaraithe é a sholáthar a thabhairt le fios:
- (1) rátáil Rialaithe Aeradróm (ADC), a thugann le fios go bhfuil an sealbhóir ceadúnais inniúil chun seirbhís rialaithe aerthráchta a sholáthar do thrácht aeradróim;
 - (2) rátáil Nós Imeachta um Rialú Ascnaimh (APP), a thugann le fios go bhfuil an sealbhóir ceadúnais inniúil chun seirbhís rialaithe aerthráchta a sholáthar d'aerárthaí teachta, imeachta nó idirthurais gan trealamh faireachais a úsáid;
 - (3) rátáil Faireachais um Rialú Ascnaimh (APS), a thugann le fios go bhfuil an sealbhóir ceadúnais inniúil chun seirbhís rialaithe aerthráchta a sholáthar d'aerárthaí teachta, imeachta nó idirthurais agus trealamh faireachais á úsáid;
 - (4) rátáil Nós Imeachta um Rialú Limistéir (APP), a thugann le fios go bhfuil an sealbhóir ceadúnais inniúil chun seirbhís rialaithe aerthráchta a sholáthar d'aerárthaí gan trealamh faireachais a úsáid;
 - (5) rátáil Faireachais um Rialú Limistéir (ACS), a thugann le fios go bhfuil an sealbhóir ceadúnais inniúil chun seirbhís rialaithe aerthráchta a sholáthar d'aerárthaí agus trealamh faireachais á úsáid.

- (b) I gcás sealbhóir rátála a bhfuil feidhmiú na bpríbhleáidí a bhaineann leis an rátáil sin stoptha aige ar feadh tréimhse 4 bliana as a chéile díreach roimhe sin, ní fhéadfaidh sé oiliúint le linn na hoibre a thosú sa rátáil sin ach amháin:
- (1) má rinne eagraíocht oiliúna a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III (Cuid ATCO.OR) agus atá deimhnithe chun oiliúint tosaigh ábhartha don rátáil a sholáthar measúnú ar inniúlacht roimhe sin maidir lena gcomhlíonann an sealbhóir rátála go fóill coinníollacha na rátála sin, agus;
 - (2) tar éis aon cheanglais oiliúna de thoradh an mheasúnaithe dá dtagraítear i bpointe (b)(1) thuas a chomhlíonadh.”;

6. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.B.015:

“ATCO.B.015 Formhuinthe rátála

- (a) D’fhéadfadh an formhuiniú Faireachais Rialaithe Aeradróim (SUR) a bheith ar an rátáil Rialaithe Aeradróm (ADC), rud a thugann le fios go bhfuil an sealbhóir ceadúnais inniúil chun rialú aeradróim a sholáthar le cabhair ó chórais faireachais.
- (b) Féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na formhuinthe seo a leanas a bheith ar rátáil Faireachais um Rialú Ascnaimh (APS):
 - (1) an formhuiniú Radair Ascnaimh Bheacht (PAR), a thugann le fios go bhfuil an sealbhóir ceadúnais inniúil chun ascnaimh bheachta rialaithe ón talamh a sholáthar agus trealamh radair ascnaimh bheacht á úsáid le haerárthaí ar an ascnamh deiridh chuig an rúidbhealach;
 - (2) an formhuiniú Ascnaimh Radair Faireachais (SRA), a thugann le fios go bhfuil an sealbhóir ceadúnais inniúil chun ascnaimh neamhbheachta rialaithe ón talamh a sholáthar agus trealamh faireachais á úsáid le haerárthaí ar an ascnamh deiridh chuig an rúidbhealach.
- (c) D’fhéadfadh an formhuiniú Rialaithe Aigéanaigh (OCN) a bheith ar an rátáil Nós Imeachta um Rialú Limistéir (APP), a thugann le fios go bhfuil sealbhóir an cheadúnais inniúil chun seirbhísí rialaithe aerthráchta a sholáthar d’aerárthaí atá ag feidhmiú i Limistéar Rialaithe Aigéanaigh.
- (d) D’fhéadfadh an formhuiniú OCN a bheith ar an rátáil Faireachais um Rialú Limistéir (ACS), a thugann le fios go bhfuil sealbhóir an cheadúnais inniúil chun seirbhísí rialaithe aerthráchta a sholáthar d’aerárthaí atá ag feidhmiú i Limistéar Rialaithe Aigéanaigh.”;

7. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.B.020:

“ATCO.B.020 Formhuinthe aonaid

- (a) Údaróidh an formhuiniú aonaid an sealbhóir ceadúnais chun seirbhísí rialaithe aerthráchta a sholáthar d’earnáil shonrach, grúpa earnálacha agus/nó poist oibre faoi fhreagracht aonaid seirbhísí aerthráchta.
- (b) Beidh cúrsa formhuinthe aonaid curtha i gcrích go rathúil ag iarratasóirí ar fhormhuiniú aonaid i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid ATCO, Fochuid D, Roinn 3.
- (c) Mar eisceacht ó phointe (b), b’fhéidir nach mbeadh gá leis an gcéim oiliúna le linn na hoibre i gCuid ATCO, Fochuid D, Roinn 3 i gcás ina n-eisiatar an formhuiniú aonaid i gcomhar le heisiúint údarú OJTI sealadach don aonad céanna.
- (d) Tabharfar le fios san fhormhuiniú aonaid teorainneacha ar fheidhmiú phríbhleáidí na rátála Rialú Aeradróim (ADC).
- (e) Chomh maith leis na ceanglais a leagtar amach i bpointe ATCO.B.020(b), comhlíonfaidh iarratasóirí ar fhormhuiniú aonaid atá ag athrú a n-údarás inniúil dá dtagraítear i bpointe ATCO.A.010 na ceanglais i bpointe ATCO.D.060(f).
- (f) Le haghaidh rialtóirí aerthráchta a sholáthraíonn seirbhísí rialaithe aerthráchta d’aerárthaí atá i mbun eitiltí tástála, féadfaidh an t-údarás inniúil ceanglais bhreise a leagan amach is gá a chomhlíonadh, de bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i bpointe (b).
- (g) Beidh formhuinthe aonaid bailí ar feadh tréimhse a shainítear sa scéim inniúlachta aonaid. Ní sháróidh an tréimhse sin 3 bliana.

- (h) Tosóidh tréimhse bhailíochta na bhformhuinthe aonaid don chéad eisiúint agus don athnuachan tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta ar a gcuirtear an measúnú i gcrích go rathúil.
- (i) Déanfar formhuinthe aonaid a athbhailíochtú:
- (1) má bhí an t-iarratasóir ag feidhmiú phribhléidí an cheadúnais ar feadh íosmhéid uaireanta mar a shainítear sa scéim inniúlachta aonaid;
 - (2) má thug an t-iarratasóir faoi oiliúint athnuachana laistigh de thréimhse bhailíochta an fhorghuainthe aonaid de réir na scéime inniúlachta aonaid;
 - (3) má rinneadh measúnú ar inniúlacht an iarratasóra i gcomhréir leis an scéim inniúlachta aonaid tráth nach luaithe ná 3 mhí roimh dháta éaga an fhorghuainthe aonaid.
- (j) Déanfar formhuinthe aonaid a athbhailíochtú ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i bpointe (i) laistigh den tréimhse 3 mhí díreach roimh a ndáta éaga. Sna cásanna sin, comhairfear an tréimhse bhailíochta ón dáta éaga sin.
- (k) Má dhéantar an formhuiniú aonaid a athbhailíochtú roimh an tréimhse dá ndéantar foráil i bpointe (j), tosóidh a thréimhse bhailíochta tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta ar a gcuirtear an measúnú i gcrích go rathúil, ar choinníoll go gcomhlíontar freisin na ceanglais i bpointe (i)(1) agus (2).
- (l) Má théann bailíocht formhuinthe aonaid as feidhm, cuirfidh an sealbhóir ceadúnais an cúrsa formhuinthe aonaid i gcrích go rathúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid ATCO, Fochuid D, Roinn 3 d'fhonn an formhuiniú a athnuachan.”;
8. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.B.025:

“ATCO.B.025 Scéim inniúlachta aonaid

- (a) Bunóidh an soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta scéim(eanna) inniúlachta aonaid agus formheasfaidh an t-údarás inniúil í/iad. Áireofar na heilimintí seo a leanas ar a laghad i scéim inniúlachta aonaid:
- (1) bailíocht an fhorghuainthe/na bhformhuinthe aonaid i gcomhréir le pointe ATCO.B.020(g);
 - (2) an uastréimhse leanúnach lena linn nach bhfeidhmítear pribhléidí formhuinthe aonaid le linn a bhailíochta. Ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 90 lá féilire;
 - (3) an t-íoslón uaireanta an chloig nó, i gcás SRA agus PAR, an t-íoslón cur chuige, chun pribhléidí an fhorghuainthe aonaid a fheidhmiú laistigh de thréimhse ama shainithe, tréimhse nach mbeidh níos faide ná 12 mhí, chun críoch phointe ATCO.B.020(i)(1). Maidir le teagascóirí oiliúna le linn na hoibre a fheidhmíonn pribhléidí formhuiniú OJT, comhairfear an t-am a chaitear ag teagasc le haghaidh uasmhéid 50 % de na huaireanta is gá chun an formhuiniú aonaid a athbhailíochtú;
 - (4) nósanna imeachta le haghaidh na gcásanna inarb amhlaidh nach gcomhlíonann an sealbhóir ceadúnais na ceanglais a leagtar amach i bpointe (a)(2) agus (3);
 - (5) próisis chun inniúlacht a mheasúnú, lena n-áirítear measúnú ar ábhair na hoiliúna athnuachana i gcomhréir le pointe ATCO.D.080(b);
 - (6) próisis chun iniúchadh a dhéanamh ar an eolas agus an tuiscint theoiriciúil is gá chun pribhléidí na rátálacha agus na bhformhuinthe a fheidhmiú;
 - (7) próisis chun na topaicí agus na fothopaicí, na cuspóirí agus na modhanna oiliúna leanúna a shainithint;
 - (8) íostréimhse agus minicíocht na hoiliúna athnuachana;
 - (9) próisis um iniúchadh ar an eolas teoiriciúil agus/nó um measúnú ar scileanna praiticiúla arna sealbhú le linn oiliúna tiontaithe, lena n-áirítear pasmharcanna le haghaidh scrúduithe;
 - (10) próisis i gcás go dteiptear i scrúdú nó measúnú, lena n-áirítear na próisis achomhairc;
 - (11) cáilíochtaí, ról agus freagrachtaí an phearsana oiliúna;

- (12) nós imeachta chun a áirithiú go bhfuil modhanna teagasc cleachta ag na teagascóirí praiticiúla sna nósanna imeachta a gcuirtear teagasc ar fáil iontu i gcomhréir le pointe ATCO.C.010(b)(3) agus pointe ATCO.C.030(b)(3);
- (13) nósanna imeachta um dhearbhu agus bhainistiú cásanna d'éagumas sealadach pribhléidí ceadúnais a chleachtadh, agus um an údarás inniúil a chur ar an eolas i gcomhréir le pointe ATCO.A.015(e);
- (14) sainathint taifead atá le coinneáil a bhaineann go sonrach le hoiliúint agus measúnuithe leanúna, i gcomhréir le pointe ATCO.OR.C.020;
- (15) próiseas chun an scéim inniúlachta aonaid a athbhreithniú, a leasú agus a chur faoi bhráid an údaráis inniúil agus fáthanna leis an méid sin. Déanfar an t-athbhreithniú ar an scéim inniúlachta aonaid uair amháin gach 3 bliana ar a laghad.
- (b) D'fhonn an ceanglas a chomhlíonadh a leagtar amach i bpointe (a)(3), coinneoidh soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta taifid de na huaireanta a bhfeidhmíonn gach sealbhóir ceadúnais pribhléidí an fhorghuinithe/na bhformhuinithe aonaid atá aige/aici lena linn agus é/í ag obair in earnálacha, i ngrúpa earnálacha agus/nó i bpoist oibre san aonad ATC, agus cuirfidh siad na sonraí sin ar fáil do na húdaráis inniúla agus don sealbhóir ceadúnais ach sin a iarraidh.
- (c) Agus na nósanna imeachta á mbunú dá dtagraítear i bpointe (a)(4) agus i bpointe (a)(13), áiritheoidh soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta go gcuirfead sásraí i bhfeidhm chun déileáil chóir le sealbhóirí ceadúnais a ráthú i gcás nach féidir síneadh a chur le bailíocht a bhformhuinithe.”;
9. i bpointe ATCO.B.040, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):
- “(a) Déanfar inniúlacht teanga a léiriú trí mhodh measúnúcháin arna bhfaomhadh ag údarás inniúil ar bith, modh a chumseoidh:
- (1) an próiseas trína ndéantar measúnú;
- (2) cáilíocht na measúnóirí;
- (3) an nós imeachta achomhairc.”;
10. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.015:

“ATCO.C.015 Iarratas ar fhorghuiniú ar theagascóirí oiliúna le linn na hoibre

Seo a leanas na coinníollacha a bheidh comhlíonta ag iarratasóirí ar eisiúint formhuinithe OJTI:

- (a) beidh ceadúnas rialtóra aerthráchta acu agus formhuiniú bailí aonaid ag gabháil leis;
- (b) beidh na pribhléidí feidhmithe acu a ghabhann le ceadúnas rialtóra aerthráchta ar feadh tréimhse 2 bhliain ar a laghad díreach roimh an iarratas. Féadfaidh an t-údarás inniúil an tréimhse sin a ghiorrú go tréimhse nach giorra ná 1 bhliain tráth a iarrann an eagraíocht oiliúna sin; agus
- (c) laistigh den 12 mhí roimh an iarratas, beidh cúrsa ar mhodhanna praiticiúla teagasc curtha i gcrích acu a múinfead an t-eolas agus na scileanna oideolaíochta riachtanacha agus a ndéanfar measúnú iomchuí orthu lena linn.”;
11. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.020:

“ATCO.C.020 Bailíocht an fhorghuinithe do theagascóirí oiliúna le linn na hoibre

- (a) Beidh an formhuiniú OJTI bailí ar feadh tréimhse 3 bliana.
- (b) Féadfar an formhuiniú OJTI a athbhailíochtú trí hoiliúint athnuachana ar scileanna praiticiúla teagasc a chur i gcrích le linn a bhailíochta, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglas phointe ATCO.C.015(a).
- (c) Má tá an formhuiniú OJTI imithe in éag, ar choinníoll go bhfuil ceanglas phointe ATCO.C.015(a) comhlíonta, féadfar é a athnuachan, más amhlaidh, laistigh den 12 mhí roimh an iarratas ar athnuachan, go bhfuil na coinníollacha seo a leanas comhlíonta ag sealbhóir an fhorghuinithe OJTI:
- (1) tá oiliúint athnuachana ar scileanna praiticiúla teagasc faighte aige; agus
- (2) d'éirigh leis i measúnú praiticiúil ar inniúlacht teagascóra.

- (d) I gcás na chéad eisiúna agus na chéad athnuachana, tosódh tréimhse bhailíochotha an fhorghuinithe OJTI tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta ar a gcuirtear an measúnú i gcrích.
- (e) Mura gcomhlíontar pointe ATCO.C.015(a), féadfar an formhuiniú OJTI a mhalartú ar fhorghuiniú STDI, ar choinníoll go n-áiríthítear go gcomhlíontar ceanglais phointe ATCO.C.040 (b) agus (c).”;

12. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.030:

“ATCO.C.030 Pribhléidí teagascóra feiste oiliúna ionsamhalta eitilte (STDI)

- (a) Tá sealbhóirí formhuinithe STDI údaraithe chun oiliúint phraicticiúil ar fheistí oiliúna ionsamhalta eitilte a chur ar fáil:

- (1) le haghaidh ábhair de nádúr praiticiúil le linn na hoiliúna tosaigh;
- (2) le haghaidh oiliúint aonaid seachas oiliúint le linn na hoibre; agus
- (3) le haghaidh oiliúint leanúna.

I gcás ina bhfuil réamhoiliúint le linn na hoibre á soláthar ag an SDTI, beidh an formhuiniú ábhartha aonaid ina s(h)eilbh aige/aici nó sealbhaithe aige/aici roimhe.

- (b) Ní fheidhmeoidh sealbhóirí formhuinithe SDTI pribhléidí an fhorghuinithe ach má chomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:

- (1) tá 2 bhliain ar a laghad de thairbhí acu sa rátáil ina dtabharfaidh siad teagasc;
- (2) tá eolas léirithe acu ar chleachtais oibríochtúla reatha;
- (3) chleacht siad modhanna teagaisc sna nósanna imeachta sin a gcuirtear teagasc ar fáil iontu.

- (c) Mar eisceacht ó phointe (b)(1),

- (1) féadfaidh an t-údarás inniúil an tréimhse 2 bhliain a ghiorrú go tréimhse nach giorra ná 1 bhliain tráth a iarrann an eagraíocht oiliúna sin;
- (2) chun críche na hoiliúna bunúsaí, is iomchuí rátáil ar bith a shealbháitear;
- (3) chun críche na hoiliúna rátála, féadfaidh SDTI ag a bhfuil an rátáil atá ábhartha don chúram oibríochtúil sonrath agus roghnaithe sin oiliúint a chur ar fáil le haghaidh cúraimí oibríochtúla sonracha agus roghnaithe.”;

13. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.035:

“ATCO.C.035 Iarratas ar fhorghuiniú um theagascóir feistí oiliúna ionsamhalta eitilte

Seo a leanas na coinníollacha a bheidh comhlíonta ag iarratasóirí ar fhorghuiniú STDI:

- (a) beidh na pribhléidí feidhmithe acu a ghabhann le ceadúnas rialtóra aerthráchta maidir le rátáil ar bith ar feadh 2 bhliain ar a laghad. Féadfaidh an t-údarás inniúil an tréimhse sin a ghiorrú go tréimhse nach giorra ná 1 bhliain tráth a iarrann an eagraíocht oiliúna sin; agus
- (b) laistigh den 12 mhí roimh an iarratas, beidh cúrsa ar mhodhanna praiticiúla teagaisc curtha i gcrích acu a múinfeadh an t-eolas agus na scileanna oideolaíocha riachtanacha trí mhodhanna teoiriciúla agus praiticiúla a úsáid agus a ndéanfar measúnú iomchuí orthu lena linn.”;

14. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.040:

“ATCO.C.040 Bailíochocht an fhorghuinithe um theagascóir feistí oiliúna ionsamhalta eitilte

- (a) Beidh an formhuiniú STDI bailí ar feadh tréimhse 3 bliana.
- (b) Féadfar an formhuiniú STDI a athbhailíochocht trí oiliúint athnuachana ar scileanna praiticiúla teagaisc agus ar chleachtais oibríochtúla reatha a chur i gcrích le linn a thréimhse bailíochotha.

- (c) Má tá an formhuiniú STDI imithe in éag, féadfar é a athnuachan, más amhlaidh, laistigh den 12 mhí roimh an iarratas ar athnuachan, go bhfuil na coinníollacha seo a leanas comhlíonta ag sealbhóir an fhorhmuinte STDI:
- (1) tá oiliúint athnuachana ar scileanna praiticiúla teagasc agus ar chleachtais oibríochtúla reatha faighte aige; agus
 - (2) d'éirigh leis i measúnú praiticiúil ar inniúlacht teagascóra.
- (d) I gcás na chéad eisiúna agus na chéad athnuachana, tosódh tréimhse bhailíochta an fhorhmuinte STDI tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta ar a gcuirtear an measúnú i gcrích.”;

15. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.045:

“ATCO.C.045 Pribhléidí measúnóra

- (a) Ní dhéanfaidh duine measúnuithe ach má tá formhuiniú measúnóra aige nó aici.
- (b) Tá sealbhóirí fhorhmuinte measúnóra údaraithe chun measúnuithe a dhéanamh:
- (1) le linn na hoiliúna tosaigh chun ceadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint nó chun rátáil nua agus/nó formhuiniú rátála a eisiúint, más infheidhme;
 - (2) ar inniúlacht roimhe sin chun críche phointí ATCO.B.001(d), ATCO.B.005(e) agus ATCO.B.010(b);
 - (3) ar mhic léinn rialtóirí aerthráchta chun formhuiniú aonaid agus formhuiniú/formhuinte rátála a eisiúint, más infheidhme;
 - (4) ar rialtóirí aerthráchta chun formhuiniú aonaid agus formhuiniú/formhuinte rátála a eisiúint, más infheidhme, chomh maith le hathbhailíochtú agus athnuachan ar fhorhmuinte aonaid;
 - (5) ar theagascóirí praiticiúla iarratasóra nó ar mheasúnóirí iarratasóra má áirithítear go gcomhlíontar ceanglais is infheidhme phointí (d)(2) go (4).
- (c) Ní fheidhmeoidh sealbhóirí fhorhmuinte measúnóra pribhléidí an fhorhmuinte ach má chomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:
- (1) tá 2 bhliain ar a laghad de thaithí acu sa rátáil agus san fhorhmuinte/sna fhorhmuinte rátála ar a ndéanfaidh siad measúnú; agus
 - (2) tá eolas léirithe acu ar chleachtais oibríochtúla reatha.
- (d) De bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i bpointe (c), feidhmeoidh sealbhóirí fhorhmuinte measúnóra pribhléidí an fhorhmuinte sna cásanna seo a leanas:
- (1) le haghaidh measúnuithe as a dtagann eisiúint, athbhailíochtú nó athnuachan ar fhorhmuinte aonaid, má tá an formhuiniú aonaid acu freisin a bhaineann leis an measúnú ar feadh tréimhse 1 bhliain ar a laghad díreach roimhe;
 - (2) chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht iarratasóra chun formhuiniú STDI a eisiúint nó a athnuachan, má tá formhuiniú STDI nó OJTI acu agus má tá pribhléidí an fhorhmuinte sin cleachta acu ar feadh 3 bliana ar a laghad;
 - (3) chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht iarratasóra chun formhuiniú OJTI a eisiúint nó a athnuachan, má tá formhuiniú OJTI acu agus má tá pribhléidí an fhorhmuinte sin feidhmithe acu ar feadh 3 bliana ar a laghad;
 - (4) chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht iarratasóra chun formhuiniú measúnóra a eisiúint nó a athnuachan, má tá pribhléidí an fhorhmuinte measúnóra feidhmithe acu ar feadh 3 bliana ar a laghad.
- (e) Agus measúnú á dhéanamh chun críche formhuiniú aonaid a eisiúint agus a athnuachan, agus d'fhonn maoirseacht ar an bpost oibre oibríochtúil a áirithiú, beidh formhuiniú OJTI ag an measúnóir freisin, nó beidh OJTI ag a bhfuil an formhuiniú bailí aonaid a ghabhann leis an measúnú i láthair”;

16. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.055:

“ATCO.C.055 Iarratas ar fhorhhuiniú measúnóra

Seo a leanas na coinníollacha a bheidh comhlíonta ag iarratasóirí ar fhorhhuiniú measúnóra:

- (a) beidh na pribhléidí feidhmithe acu a ghabhann le ceadúnas rialtóra aerthráchta ar feadh 2 bhliain ar a laghad; agus
- (b) laistigh den 12 mhí roimh an iarratas, chuir siad cúrsa measúnóra i gcrích agus múineadh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha trí mhodhanna teoiriciúla agus praiticiúla a úsáid, agus rinneadh measúnú iomchuí orthu lena linn.”;

17. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.C.060:

“ATCO.C.060 Bailíocht an fhorhhuinithe measúnóra

- (a) Beidh an formhuiniú measúnóra bailí ar feadh tréimhse 3 bliana.
- (b) Féadfar an formhuiniú measúnóra a athbhailíochtú trí oiliúint athnuachana ar scileanna measúnúcháin agus ar chleachtais oibríochtúla reatha a chur i gcrích le linn a thréimhse bailíochta.
- (c) Má tá an formhuiniú measúnóra imithe in éag, féadfar é a athnuachan más amhlaidh, laistigh den 12 mhí roimh an iarratas ar athnuachan, go bhfuil na coinníollacha seo a leanas comhlíonta ag sealbhóir an fhorhhuinithe measúnóra:
 - (1) tá oiliúint athnuachana ar scileanna measúnúcháin agus ar chleachtais oibríochtúla reatha faighte aige; agus
 - (2) d'éirigh leis i measúnú ar inniúlacht measúnóra.
- (d) I gcás na chéad eisiúna agus na chéad athnuachana, tosóidh tréimhse bhailíochta an fhorhhuinithe measúnóra tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta ar a gcuirtear an measúnú i gcrích.”;

18. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.010:

“ATCO.D.010 Comhdhéanamh na hoiliúna tosaigh

- (a) Is éard a bheidh i gceist leis an oiliúint tosaigh chun ceadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta a eisiúint nó chun rátáil bhreise agus/nó formhuiniú rátála a eisiúint, más infheidhme, an méid seo a leanas:
 - (1) oiliúint bhunúsach a chuimsíonn na hábhair, na topaicí agus na fothopaicí go léir atá i bhFoscscríbhinn 2 a ghabhann le hlarscríbhinn I; agus
 - (2) oiliúint rátála, a chuimsíonn na hábhair, na topaicí agus na fothopaicí a bhaineann le ceann amháin díobh seo a leanas ar a laghad:
 - (i) Rátáil Rialaithe Aeradróim — ADC, a shainítear i bhFoscscríbhinn 3 a ghabhann le hlarscríbhinn I;
 - (ii) Rátáil Nós Imeachta um Rialú Ascnaimh — APP, a shainítear i bhFoscscríbhinn 4 a ghabhann le hlarscríbhinn I;
 - (iii) Rátáil Nós Imeachta um Rialú Limistéir — ACP, a shainítear i bhFoscscríbhinn 5 a ghabhann le hlarscríbhinn I;
 - (iv) Rátáil Faireachais um Rialú Ascnaimh — APS, a shainítear i bhFoscscríbhinn 6 a ghabhann le hlarscríbhinn I;
 - (v) Rátáil Faireachais um Rialú Limistéir — ACS, a shainítear i bhFoscscríbhinn 7 a ghabhann le hlarscríbhinn I.
- (b) Beidh oiliúint atá ceaptha le haghaidh rátáil bhreise déanta suas de na hábhair, na topaicí agus na fothopaicí is infheidhme maidir le ceann amháin de na rátálacha a bhunaítear i bpointe (a)(2).
- (c) I gcás oiliúna atá beartaithe chun rátáil a athghníomhachtú tar éis measúnaithe ar inniúlacht roimhe nár éirigh leis i gcomhréir le pointe ATCO.B.010(b) déanfar an oiliúint a chur in oiriúint i gcomhréir le toradh an mheasúnaithe sin.
- (d) Beidh oiliúint atá beartaithe le haghaidh formhuiniú rátála comhdhéanta d'ábhair, de thopaicí agus d'fhothopaicí arna bhforbairt ag an eagraíocht oiliúna agus arna bhfaomhadh mar chuid den chúrsa oiliúna.
- (e) Féadfar oiliúint bhunúsach agus/nó oiliúint rátála a chomhlánú le hábhair, topaicí nó fothopaicí breise nó a bhaineann go sonrach leis an mbloc feidhme aerspáis (FAB) nó leis an timpeallacht náisiúnta.”;

19. i bpointe ATCO.D.025, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) Bronnfar pas i scrúdú teoiriciúil/scrúduithe teoiriciúla d’iarrthóir a bhainfidh amach 75 % ar a laghad de na marcanna atá leithdháilte don scrúdú sin.”

20. i bpointe ATCO.D.025, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

“(d) Bronnfar pas i measúnú/measúnuithe ar iarrthóir a léireoidh go comhsheasmhach an fheidhmíocht a éilítear mar a liostaítear í i bpointe ATCO.D.030 agus a léireoidh an iompraíocht atá riachtanach chun an tseirbhís rialaithe aerthráchta a sholáthar go sábháilte.”

21. i bpointe ATCO.D.035, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

“(e) Bronnfar pas i measúnú/measúnuithe ar iarratasóir a léireoidh go comhsheasmhach an fheidhmíocht a éilítear ar a dtugtar tuairisc i bpointe ATCO.D.040 agus a léireoidh an iompraíocht atá riachtanach chun an tseirbhís rialaithe aerthráchta a sholáthar go sábháilte.”

22. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.D.040:

“ATCO.D.040 Cuspóirí feidhmiúlachta um oiliúint rátála

(a) Déanfar cuspóirí feidhmiúlachta oiliúna agus cúraimí cuspóirí feidhmiúlachta rátála a shainiú le haghaidh gach cúrsa oiliúna um rátáil.

(b) Chun cuspóirí feidhmiúlachta a chomhlíonadh don oiliúint rátála beidh ar iarratasóir:

- (1) an cumas a léiriú aerthrácht a bhainistiú ar bhealach lena n-áiríthítear seirbhísí sábháilte, ordúla agus gasta; agus
- (2) cásanna casta tráchta agus cásanna tráchta throm a láimhseáil.

(c) I dteannta phointe (b), leis na cuspóirí feidhmiúlachta don oiliúint rátála i ndáil leis an rátáil Rialaithe Aeradróim (ADC) áirítheofar an méid seo a leanas i ndáil leis na hiarratasóirí:

- (1) láimhseálann siad an t-ualach oibre agus cuireann siad seirbhísí aerthráchta ar fáil laistigh de réimse freagrachta sainithe i ndáil leis an aeradróm; agus
- (2) cuireann siad teicnící rialaithe agus nósanna imeachta oibríochta aeradróim i bhfeidhm ar thrácht aeradróim.

(d) I dteannta phointe (b), leis na cuspóirí feidhmiúlachta don oiliúint rátála i ndáil leis an rátáil Nós Imeachta um Rialú Ascnaimh (APP) áirítheofar an méid seo a leanas i ndáil leis na hiarratasóirí:

- (1) láimhseálann siad an t-ualach oibre agus cuireann siad seirbhísí aerthráchta ar fáil laistigh de réimse freagrachta sainithe i ndáil le rialú ascnaimh; agus
- (2) cuireann siad rialú ascnaimh nós imeachta, teicnící pleanála agus nósanna imeachta oibríochta i bhfeidhm ar thrácht teachta, coinneála, imeachta agus idirthurais.

(e) I dteannta phointe (b), leis na cuspóirí feidhmiúlachta don oiliúint rátála i ndáil leis an rátáil Faireachais um Rialú Ascnaimh (APS) áirítheofar an méid seo a leanas i ndáil leis na hiarratasóirí:

- (1) láimhseálann siad an t-ualach oibre agus cuireann siad seirbhísí aerthráchta ar fáil laistigh de réimse freagrachta sainithe i ndáil le rialú ascnaimh; agus
Fothopaic ATM 12.1 -	Bunú aitheantais
Fothopaic ATM 12.2 -	Cothabháil aitheantais

Fothopaic ATM 12.3 - Caillteanas aitheantais

Fothopaic ATM 12.4 - Faisnéis maidir leis an suíomh

Fothopaic ATM 12.5 - Aistriú aitheantais

ÁBHAR 4: MEITÉAREOLAÍOCHT

TOPAIC MET 1 - FEINIMÉIN MHEITÉAREOLAÍOCHTA

Fothopaic MET 1.1 - Feiniméin mheitéareolaíochta

TOPAIC MET 2 - FOINSÍ SONRAÍ MEITÉAREOLAÍOCHTA

Fothopaic MET 2.1 - Foinsí faisnéise meitéareolaíochta

ÁBHAR 5: LOINGSEOIREACHT

TOPAIC NAV 1 - LÉARSCÁILEANNA AGUS CAIRTEACHA AERLOINGSEOIREACHTA

Fothopaic NAV 1.1 - Léarscáileanna agus cairteacha

TOPAIC NAV 2 - LOINGSEOIREACHT IONSTRAIME

Fothopaic NAV 2.1 - Córais loingseoireachta

Fothopaic NAV 2.2 - Cúnamh loingseoireachta

Fothopaic NAV 2.3 - Feidhmeanna loingseoireachta feidhmíochtbhunaithe

ÁBHAR 6: AERÁRTHAÍ

TOPAIC ACFT 1 - IONSTRAIMÍ AERÁRTHAÍ

Fothopaic ACFT 1.1 - Ionstraimí aerárthaí

TOPAIC ACFT 2 - CATAGÓIRÍ AERÁRTHAÍ

Fothopaic ACFT 2.1 - Suaiteacht marbhshrutha

TOPAIC ACFT 3 - TOSCA A DHÉANANN DIFEAR D'FHEIDHMÍOCHT AERÁRTHAÍ

Fothopaic ACFT 3.1 - Tosca maidir le hardú

Fothopaic ACFT 3.2 - Tosca maidir le cúrsáil

Fothopaic ACFT 3.3 - Tosca maidir le tuirlingt

Fothopaic ACFT 3.4 - Tosca eacnamaíocha

Fothopaic ACFT 3.5 - Tosca comhshaoil

TOPAIC ACFT 4 - SONRAÍ AERÁRTHAÍ

Fothopaic ACFT 4.1 - Sonraí feidhmíochta

ÁBHAR 7: TOSCA DAONNA

TOPAIC HUM 1 – PRÓISEÁIL FAISNÉISE

Fothopaic HUM 1.1 – Cognaíocht agus tosca a mbíonn tionchar acu uirthi

Fothopaic HUM 1.2 – Feasacht staide

Fothopaic HUM 1.3 –	Cinnteoireacht
TOPAIC HUM 2 –	TOSCA A DHÉANANN DIFEAR DON tSLÁINTE AGUS DON FHOLLÁINE
Fothopaic HUM 2.1 –	Tuirse
Fothopaic HUM 2.2 –	Strus
FOTHOPAIC HUM 3 –	BAINISTÍOCHT BAGAIRTÍ AGUS EARRÁIDÍ
Fothopaic HUM 3.1 –	Creat bainistíochta bagairtí agus earráidí
Fothopaic HUM 3.2 –	Bainistíocht fheidhmeach bagairtí agus earráidí
TOPAIC HUM 4 –	COMHOBAIR
Fothopaic HUM 4.1 –	Buntáistí a bhaineann le comhobair
Fothopaic HUM 4.2 –	Bainistíocht coinbhleachta
TOPAIC HUM 5 –	CÓRAS
Fothopaic HUM 5.1 –	Coincheap na gcóras i BAT/SAL
TOPAIC HUM 6 –	CUMARSÁID
Fothopaic HUM 6.1 –	Cumarsáid éifeachtach
Fothopaic HUM 6.2 –	Aiseolas éifeachtach

ÁBHAR 8: TREALAMH AGUS CÓRAIS

TOPAIC EQPS 1 –	CUMARSÁID GHUTHA
Fothopaic EQPS 1.1 –	Cumarsáid raidió
Fothopaic EQPS 1.2 –	Cumarsáid ghutha eile
TOPAIC EQPS 2 –	UATHOIBRIÚ IN ATS
Fothopaic EQPS 2.1 –	Líonra teileachumarsáide seasta aerloingseoireachta (AFTN)
Fothopaic EQPS 2.2 –	Idirmhalartú uathoibríoch sonraí
TOPAIC EQPS 3 –	SUÍOMH OIBRE AN RIALTÓRA
Fothopaic EQPS 3.1 –	Oibriú agus faireachán trealaimh
Fothopaic EQPS 3.2 –	Taispeántais staide agus córais faisnéise
Fothopaic EQPS 3.3 –	Córais sonraí eitilte
Fothopaic EQPS 3.4 –	Córas faireachais SAT a úsáid
Fothopaic EQPS 3.5 –	Ardchórais
TOPAIC EQPS 4 –	TREALAMH DON TODHCHAÍ
Fothopaic EQPS 4.1 –	Forbairtí nua
TOPAIC EQPS 5 –	TREALAMH AGUS TEORAINNEACHA AGUS DÍGHRÁDÚ NA gCÓRAS
Fothopaic EQPS 5.1 –	Freagairt do theorainneacha
Fothopaic EQPS 5.2 –	Díghrádú trealaimh chumarsáide

- Fothopaic EQPS 5.3 - Díghrádú trealaimh loingseoireachta
Fothopaic EQPS 5.4 - Díghrádú trealaimh faireachais
Fothopaic EQPS 5.5 - Díghrádú an chórais phróiseála ATC

ÁBHAR 9: TIMPEALLAUGHT GHAIORMIÚIL

- TOPAIC PEN 1 - TAITHÍOCHT
Fothopaic PEN 1.1 - Cuairt staidéir chuig lárionad rialaithe limistéir
TOPAIC PEN 2 - ÚSÁIDEOIRÍ AERSPÁIS
Fothopaic PEN 2.1 - Rannchuiditheoirí le hoibríochtaí sibhialta SAT
Fothopaic PEN 2.2 - Rannchuiditheoirí le hoibríochtaí míleata SAT
TOPAIC PEN 3 - CAIDREAMH CUSTAIMÉARA
Fothopaic PEN 3.1 - Soláthar seirbhísí agus riachtanais úsáideoirí
TOPAIC PEN 4 - COSAINT AN CHOMHSHAOIL
Fothopaic PEN 4.1 - Cosaint an chomhshaoil

ÁBHAR 10: CÁSANNA NEAMHGHNÁCHA AGUS CÁSANNA ÉIGEANDÁLA

- TOPAIC ABES 1 - CÁSANNA NEAMHGHNÁCHA AGUS CÁSANNA ÉIGEANDÁLA (CNCE)
Fothopaic ABES 1.1 - Forbhreathnú ar CNCE
TOPAIC ABES 2 - FEABHAS A CHUR AR SCILEANNA
Fothopaic ABES 2.1 - Éifeachtacht chumarsáide
Fothopaic ABES 2.2 - Ró-ualach meabhrach a sheachaint
Fothopaic ABES 2.3 - Comhar aer-talamh
TOPAIC ABES 3 - NÓSANNA IMEACHTA LE HAGHAIDH CÁSANNA NEAMHGHNÁCHA AGUS CÁSANNA ÉIGEANDÁLA
Fothopaic ABES 3.1 - Cur i bhfeidhm na nósanna imeachta le haghaidh CNCE
Fothopaic ABES 3.2 - Teip raidió
Fothopaic ABES 3.3 - Trasnaíocht neamhdhleathach agus bagairt bhuama aerárthaigh
Fothopaic ABES 3.4 - Aerárthaí ar seachrán nó neamhaitheanta
Fothopaic ABES 3.5 - Malairtí Slí
Fothopaic ABES 3.6 - Teip trasfhreagróra
Fothopaic ABES 3.7 - Aerárthaí sibhialta a thascradh".

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II (CUID ATCO.AR) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.AR.A.005:

“ATCO.AR.A.005 Pearsanra

- (a) Gach 2 bhliain déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar na hacmhainní daonna is gá chun a bhfeidhmeanna formhaoirseachta a chomhlíonadh agus tabharfaidh sé cothrom le dáta é, bunaithe ar an anailís ar na próisis a cheanglaítear leis an Rialachán seo.
- (b) Tabharfar de chumhacht don phearsanra atá údaraithe ag an údarás inniúil tascanna deimhniúcháin nó formhaoirseachta a dhéanamh, nó an dá cheann, na cúraimí seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:
 - (1) scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid, lena n-áirítear ceadúnais, deimhnithe, taifid, sonraí, nósanna imeachta agus aon ábhar eile atá ábhartha maidir leis an gcúram is gá a fhorghníomhú;
 - (2) cóipeanna a dhéanamh de na taifid, na sonraí agus na nósanna imeachta sin agus den ábhar eile, nó sleachta a bhaint astu;
 - (3) míniú a iarraidh;
 - (4) dul isteach in áitribh agus láithreáin oibriúcháin ábhartha;
 - (5) iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh, lena n-áirítear cigireachtaí gan réamhfhógra;
 - (6) bearta forfheidhmithe a ghlacadh nó a thionscnamh de réir mar is iomchuí.”;

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.AR.A.010:

“ATCO.AR.A.010 Cúraimí na n-údarás inniúil

Áireofar ar chúraimí na n-údarás inniúil:

- (a) eisiúint, fionraí agus cúlghairm ceadúnas, rátálacha, formhuinthe agus deimhnithe leighis;
- (b) eisiúint údaruithe sealadacha OJTI de réir pointe ATCO.C.025;
- (c) eisiúint údaruithe sealadacha measúnóra de réir phointe ATCO.C.065;
- (d) athbhailíochtú agus athnuachan formhuinthe;
- (e) athbhailíochtú, athnuachan agus teorannú deimhnithe leighis tar éis tarchur ón scrúdaitheoir aerleighis (AME) nó ón ionad aerleighis (AeMC);
- (f) eisiúint, athbhailíochtú, athnuachan, fionraí, cúlghairm, teorannú agus athrú deimhnithe scrúdaitheoirí aerleighis;
- (g) eisiúint, fionraí, cúlghairm agus teorannú deimhnithe eagraíochta oiliúna agus deimhnithe na n-ionad aerleighis;
- (h) formheas cúrsaí oiliúna, pleananna oiliúna agus scéimeanna inniúlachta aonaid, chomh maith le modhanna measúnúcháin;
- (i) formheas an mhodha measúnúcháin chun ábaltacht teanga a léiriú agus bunú na gceanglas is infheidhme maidir le comhlachtaí um measúnú teanga de réir phointe ATCO.B.040;
- (j) formheas an ghá atá le hábaltacht teanga leathnaithe (leibhéal 5) i gcomhréir le pointe ATCO.B.030(d);
- (k) formhaoirseacht ar eagraíochtaí oiliúna, lena n-áirítear a gcúrsaí agus a bpleananna oiliúna;
- (l) formheas agus formhaoirseacht na scéimeanna inniúlachta aonaid;
- (m) bunú nósanna imeachta achomhairc agus sásraí fógartha iomchuí;
- (n) aithint agus malartú ceadúnas a éascú, lena n-áirítear aistriú taifead rialtóirí aerthráchta agus an seancheadúnas a thabhairt ar ais don údarás inniúil eisiúna de réir phointe ATCO.AR.D.003;
- (o) aithint na ndeimhnithe eagraíochta oiliúna agus formheasanna cúrsa a éascú, chomh maith le formheas an mhodha measúnúcháin chun ábaltacht teanga a léiriú.”;

3. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.AR.A.015:

“ATCO.AR.A.015 Modhanna comhlíontachta

- (a) Forbróidh an Ghníomhaireacht modhanna inghlactha comhlíontachta ('AMC') a fhéadfar a úsáid chun comhlíontacht a shuí le Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ar an mbonn sin.
- (b) Féadfar modhanna malartacha comhlíontachta a úsáid chun comhlíontacht na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme a shuí.
- (c) Cuirfidh an t-údarás inniúil an Ghníomhaireacht ar an eolas maidir le haon mhodh malartach comhlíontachta a úsáideann eagraíochtaí atá faoina formhaoirseacht nó a úsáideann siad féin chun comhlíonadh an Rialacháin seo a shuí.”;

4. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.AR.A.020:

“ATCO.AR.A.020 Faisnéis don Ghníomhaireacht

- (a) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Ghníomhaireacht i gcás ina mbeidh fadhbanna suntasacha ann maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus a ghníomhartha cur chun feidhme laistigh de 30 lá ón tráth a bheidh an t-údarás inniúil ar an eolas faoi na fadhbanna.
- (b) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus dá ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, soláthróidh an t-údarás inniúil faisnéis, faisnéis atá suntasach ó thaobh na sábháilteachta de agus a eascraíonn as na tuarascálacha ar tharluithe a stóráiltear ina bhunachar sonraí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 6(6) de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014, don Ghníomhaireacht a luaithe is féidir.”;

5. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.AR.A.025:

“ATCO.AR.A.025 Freagairt láithreach ar fhadhb sábháilteachta

- (a) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ná dá ghníomhartha tarmligthe ná dá ghníomhartha cur chun feidhme, déanfaidh an t-údarás inniúil córas a chur chun feidhme chun faisnéis sábháilteachta a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh ar bhealach iomchuí.
- (b) Cuirfidh an Ghníomhaireacht córas chun feidhme chun anailís iomchuí a dhéanamh ar aon fhaisnéis sábháilteachta ábhartha a fhaightear agus, gan moill mhíchúí, soláthróidh sí aon fhaisnéis is gá do na Ballstáit agus don Choimisiún, lena n-áirítear moltaí nó gníomhaíochtaí ceartaítheacha a bheidh le déanamh, chun gur féidir leo freagairt go tráthúil d'fhadhb sábháilteachta a bhaineann le táirgí, páirteanna, fearais, daoine nó eagraíochtaí atá faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus a chuid gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.
- (c) Tar éis don údarás inniúil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a fháil, déanfaidh sé bearta leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sábháilteachta.
- (d) Bearta a dhéantar i gcomhréir le pointe (c), tabharfar fógra fúthu láithreach do gach duine nó eagraíocht ar duine nó eagraíocht iad ar gá dóibh na bearta sin chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra freisin don Ghníomhaireacht faoi na bearta sin agus, nuair a bheidh gá le comhghníomhaíocht, tabharfaidh sé fógra fúthu do na Ballstáit eile lena mbaineann.”;

6. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.AR.B.001:

“ATCO.AR.B.001 Córas bainistíochta

- (a) Déanfaidh an t-údarás inniúil córas bainistíochta a bhunú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (1) beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe chun tuairisc a thabhairt ar a eagrúchán, agus ar na meáin agus na modhanna chun comhlíontacht le Rialachán (AE) 2018/1139 agus lena chuid gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a bhaint amach. Coimeádfar na nósanna imeachta cothrom le dáta agus úsáidfead iad mar na bundoiciméid oibre laistigh den údarás inniúil sin i gcás na gcúraimí gaolmhara uile;
 - (2) líon leordhóthanach pearsanra, lena n-áirítear cigirí ceadúnúcháin agus deimhniúcháin, chun a chúraimí a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Beidh an pearsanra sin cáilithe chun a gcúraimí leithdháilte a chomhlíonadh agus beidh an t-eolas, an taithí, an oiliúint tosaigh, an oiliúint le linn na hoibre agus an oiliúint thréimhsiúil is gá acu chun inniúlacht leanúnach a áirithiú. Beidh córas i bhfeidhm chun a phleanáil go mbeidh pearsanra ar fáil d'fhonn a áirithiú go gcuirfead na cúraimí gaolmhara go léir i gcrích mar is cúí;

- (3) saoráidí leordhóthanacha agus cóiríocht oifige leordhóthanach chun na cúraimí a sannadh dóibh a dhéanamh;
 - (4) feidhm chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht an chórais bainistíochta leis na ceanglais ábhartha, agus ar leordhóthanacht na nósanna imeachta, lena n-áirítear próiseas iniúcháireachta inmheánach agus próiseas um bainistiú rioscaí sábháilteachta a bhunú. Áireofar san fhaireachán ar chomhlíontacht córas aiseolais maidir le torthaí iniúcháireachta a chuirfear faoi bhráid bhainistíocht shinsearach an údaráis inniúil chun cur chun feidhme gníomhaíochtaí ceartaitheacha a áirithiú de réir mar is gá; agus
 - (5) duine nó grúpa daoine a bhfuil freagracht ar deireadh orthu do bhainistíocht shinsearach an údaráis inniúil maidir leis an bhfeidhm faireacháin ar chomhlíontacht.
- (b) Déanfaidh an t-údarás inniúil, i gcás gach réimse gníomhaíochta a áirítear sa chóras bainistíochta, duine amháin nó níos mó a cheapadh a mbeidh an fhreagracht fhoriomlán air nó orthu as an gcúram nó na cúraimí ábhartha a bhainistiú.
- (c) Bunóidh an t-údarás inniúil nósanna imeachta le haghaidh na rannpháirtíochta i malartú frithpháirteach na faisnéise agus an chúnamh uile is gá le húdaráis inniúla eile lena mbaineann, bíodh sé ó laistigh den Bhallstát nó i mBallstáit eile, lena n-áirítear an malartú faisnéise seo a leanas:
- (1) na torthaí ábhartha a ardaíodh agus na bearta leantacha a rinneadh mar thoradh ar fhorghairseacht ar dhaoine agus eagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí ar chríoch Ballstáit, ach atá deimhnithe ag údarás inniúil Ballstáit eile nó ag an nGníomhaireacht; agus
 - (2) faisnéis a eascraíonn as tuairisciú éigeantach agus tuairisciú deonach ar tharluithe mar a cheanglaítear le pointe ATCO.OR.B.040.
- (d) Déanfar cóip de na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcóras bainistíochta agus cuirfear na leasuithe orthu ar fáil don Ghníomhaireacht chun críoch caighdeánaithe.”;
7. i bpointe ATCO.AR.B.005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- “(a) Má leithdháileann an t-údarás inniúil cúraimí a bhaineann leis an deimhniúchán tosaigh nó leis an bhformhaoirseacht leanúnach ar dhaoine nó ar eagraíochtaí atá faoi réir Rialachán (AE) 2018/1139 agus a chuid gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, ní leithdháilfear iad ach ar eintitis cháilithe. Agus cúraimí á leithdháileadh aige, áiritheoidh an t-údarás inniúil na nithe seo a leanas:
- (1) go bhfuil córas i bhfeidhm aige chun measúnú a dhéanamh ar dtús agus go leanúnach go gcomhlíonann an t-eintiteas cáilithe Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139.
- Déanfar an córas sin agus torthaí na measúnuithe a dhoiciméadú;
- (2) gur bhunaigh sé comhaontú doiciméadaithe le heintiteas cáilithe, arna fhorghairseacht ag an dá pháirtí ar an leibhéal bainistíochta iomchuí, a shainíonn go soiléir:
- (i) na cúraimí atá le comhlíonadh;
 - (ii) na dearbhuithe, na tuarascálacha agus na taifid atá le soláthar;
 - (iii) na coinníollacha teicniúla is gá a chomhlíonadh agus na cúraimí sin á ndéanamh;
 - (iv) an cumhdach i leith dliteanas lena mbaineann; agus
 - (v) an chosaint a thugtar don fhaisnéis a fhaightear agus na cúraimí sin á ndéanamh.”;
8. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.AR.B.010:

“ATCO.AR.B.010 Athruithe ar an gcóras bainistíochta

- (a) Beidh córas i bhfeidhm ag an údarás inniúil chun athruithe a shainiú, athruithe a dhéanann difear dá chumas a chúraimí a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh mar a shainítear i Rialachán (AE) 2018/1139 agus ina ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme. Cuirfidh sé ar a chumas dó gníomhaíocht a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, chun a áirithiú go leanfaidh an córas bainistíochta de bheith leordhóthanach agus éifeachtach.

- (b) Déanfaidh an t-údarás inniúil a chóras bainistíochta a thabhairt cothrom le dáta chun aon athrú ar Rialachán (AE) 2018/1139 agus ar a chuid gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a léiriú go tráthúil, chun cur chun feidhme éifeachtach a chóras bainistíochta a áirithiú.
- (c) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Ghníomhaireacht faoi aon athrú a dhéanann difear dá chumas a chúraimí a dhéanamh agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh mar a shainítear i Rialachán (AE) 2018/1139 agus ina chuid gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.”;

9. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.AR.B.015:

“ATCO.AR.B.015 Coimeád taifead

- (a) Coinneoidh na húdaráis inniúla liosta ar bun de na deimhnithe eagraíochta agus de na ceadúnais agus deimhnithe pearsanra go léir a eiseoidh siad.
- (b) Bunóidh an t-údarás inniúil córas coimeáda taifead, ar córas é a fhágfaidh go bhféadfaidh stóráil leormhaith, inrochtaineacht leormhaith agus inrianaitheacht iontaoifa a bheith ann maidir leis na nithe seo a leanas:
 - (1) beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe an chórais bainistíochta;
 - (2) oiliúint, cáiliú agus údarú a phearsanra;
 - (3) sannadh na gcúraimí, lena gcumhdófar na heilimintí a cheanglaítear le pointe ATCO.AR.B.005, mar aon le mionsonraí na gcúraimí a shanntar;
 - (4) próisis deimhniúcháin agus formhaoirseacht leanúnach ar eagraíochtaí deimhnithe;
 - (5) mionsonraí na gcúrsaí a chuireann eagraíochtaí oiliúna ar fáil;
 - (6) próisis chun ceadúnais, rátálacha, formhuinthe agus deimhnithe a eisiúint, agus chun formhaoirseacht leanúnach a dhéanamh ar shealbhóirí na gceadúnas, na rátálacha, na bhformhuinthe agus na ndeimhnithe sin;
 - (7) formhaoirseacht leanúnach ar dhaoine agus ar eagraíochtaí a fheidhmíonn gníomhaíochtaí laistigh de chríoch an Bhallstáit, ach atá deimhnithe ag údarás inniúil Ballstáit eile, mar a comhaontaíodh idir na húdaráis sin;
 - (8) torthaí, gníomhaíochta ceartaitheacha agus dáta dúnta na gníomhaíochta;
 - (9) bearta forfheidhmithe arna nglacadh;
 - (10) faisnéis sábháilteachta agus bearta leantacha;
 - (11) úsáid forálacha solúbthachta i gcomhréir le hAirteagal 71 de Rialachán (AE) 2018/1139; agus
 - (12) meastóireacht agus fógra a thabhairt don Ghníomhaireacht maidir le modhanna malartacha comhlíontachta a mholann eagraíochtaí, agus an measúnú ar mhodhanna eile comhlíontachta a úsáideann an t-údarás inniúil féin.
- (c) Coimeádfar taifid ar feadh íostréimhse 5 bliana agus maidir le ceadúnais pearsanra ar feadh íostréimhse 10 mbliana tar éis don fhorghuiniú deiridh ar an gceadúnas dul in éag, faoi réir an dlí cosanta sonraí is infheidhme.”;

10. i bpointe ATCO.AR.C.001, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) Fíoróidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

- (1) comhlíontacht na gceanglas is infheidhme maidir le heagraíochtaí nó daoine sula n-eiseofar deimhniú eagraíochta nó ceadúnas pearsanra, deimhniú, rátáil nó formhuiniú, de réir mar is infheidhme;
- (2) comhlíontacht leanúnach na gceanglas is infheidhme agus na gcoinníollacha a ghabhann le deimhniú na heagraíochta oiliúna, chomh maith leis na ceanglais is infheidhme maidir le cúrsaí oiliúna, pleananna oiliúna agus scéimeanna inniúlachta aonaid atá formheasta aici, agus na ceanglais is infheidhme maidir le pearsanra;
- (3) cur chun feidhme bearta sábháilteachta iomchuí arna sainordú ag an údarás inniúil mar a shainítear i bpointe ATCO.AR.A.025 (c) agus (d).”;

11. cuirtear an pointe seo a leanas - ATCO.AR.D.003 - isteach:

“ATCO.AR.D.003 Athrú údaráis inniúil

- (a) Ar iarraidh ó shealbhóir ceadúnais ar athrú údaráis inniúil a fháil, iarrfaidh an t-údarás inniúil glactha, gan moill mhíchúí, ar údarás inniúil shealbhóir an cheadúnais na nithe seo a leanas go léir a aistriú, gan moill mhíchúí:
 - (1) fíorú an cheadúnais;
 - (2) cóipeanna de thaifid leighis an tsealbhóra ceadúnais arna gcoimeád ag an údarás inniúil sin. Aistrefar na taifid leighis ar mhodh rúnda i gcomhréir le pointe ATCO.MED.A.015 d'Iarscríbhinn IV (Cuid-ATCO.MED) agus áireofar iontu achoimre ar stair liachta ábhartha an iarratasóra, arna fíorú agus arna síniú nó arna fíordheimhniú go leictreonach ag an measúnóir leighis.
- (b) Coimeádfaidh an t-údarás inniúil aistrithe taifid cheadúnaithe agus liachta bunaidh an tsealbhóra ceadúnais.
- (c) Déanfaidh an t-údarás inniúil glactha, gan moill mhíchúí, an ceadúnas agus an deimhniú liachta a mhalartú ar choinníoll go bhfuil na doiciméid go léir a shonraítear i bpointe (a) faighte agus próiseáilte aige. Tráth a mhalartaítear an ceadúnas agus an deimhniú liachta, iarrfaidh an t-údarás inniúil glactha ar an sealbhóir ceadúnais láithreach an ceadúnas arna eisiúint ag an údarás inniúil aistrithe agus an deimhniú dochtúra comhlachaithe a thabhairt suas dó.
- (d) Áireofar sa cheadúnas nua rátálacha, formhuinithe rátála, formhuinithe ceadúnais agus gach formhuiniú aonaid atá bailí sa cheadúnas, lena n-áirítear dáta a gcéad eisiúna agus an dáta éaga, más infheidhme.
- (e) Tabharfaidh an t-údarás inniúil glactha fógra láithreach don údarás inniúil aistrithe nuair a bheidh an ceadúnas agus an deimhniú liachta malartaithe aige agus nuair a bheidh an ceadúnas agus an deimhniú liachta tugtha suas ag sealbhóir an cheadúnais de bhun pointe (c). Go dtí go bhfaighfear fógra den sórt sin, beidh an t-údarás inniúil aistrithe fós freagrach as an gceadúnas agus as an deimhniú liachta a eisíodh ar dtús chuig an sealbhóir ceadúnais sin.”;

12. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.AR.D.005:

“ATCO.AR.D.005 Ceadúnais, rátálacha agus formhuinithe a chúlghairm agus a chur ar fionraí

- (a) Chun críche phointe ATCO.A.020, bunóidh an t-údarás inniúil nósanna imeachta riaracháin chun ceadúnais, rátálacha agus formhuinithe a chúlghairm agus a chur ar fionraí.
- (b) Féadfaidh an t-údarás inniúil an ceadúnas a chur ar fionraí i gcás nach bhfoirceanntar éagumas sealadach i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe ATCO.A.015(e).
- (c) Déanfaidh an t-údarás inniúil ceadúnas, rátáil nó formhuiniú a chur ar fionraí nó a chúlghairm i gcomhréir le pointe ATCO.AR.C.010 go háirithe sna himthosca seo a leanas:
 - (1) i gcás ina bhfeidhmítear pribhléidí an cheadúnais nuair nach gcomhlíonann an sealbhóir na ceanglais is infheidhme den Rialachán seo a thuilleadh;
 - (2) i gcás ina bhfaightear ceadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta nó ceadúnas rialtóra aerthráchta, rátáil, formhuiniú nó deimhniú trí fhianaise dhoiciméadach a cuireadh isteach a fhalsú;
 - (3) i gcás fhalsú na dtaifead ceadúnais nó deimhnithe;
 - (4) i gcás ina bhfeidhmítear pribhléidí an cheadúnais, an rátáil/na rátálacha nó an fhormhuinithe/na bhformhuinithe faoi thionchar substaintí sícighníomhacha.
- (d) I gcás ceadúnais, rátálacha agus formhuinithe a chur ar fionraí nó a chúlghairm, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra i scríbhinn don sealbhóir ceadúnais agus don soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta ábhartha maidir leis an gcinneadh sin, agus cuirfidh sé an sealbhóir ceadúnais ar an eolas faoina cheart nó faoina ceart achomhairc i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna mbunú i bpointe ATCO.AR.A.010(m).
- (e) Déanfaidh an t-údarás inniúil freisin ceadúnas, rátáil nó formhuiniú a chur ar fionraí nó a chúlghairm arna iarraidh sin i scríbhinn don sealbhóir ceadúnais.”;

13. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.ARE.001:

“ATCO.ARE.001 Nós imeachta deimhniúcháin le haghaidh eagraíochtaí oiliúna agus eisiúint deimhniúche

- (a) Tráth a bhfaighfear iarratas ar dheimhniú eagraíochta oiliúna a eisiúint, fíoróidh an t-údarás inniúil comhlíontacht na heagraíochta oiliúna leis na ceanglais is infheidhme den Rialachán seo.
- (b) Féadfaidh an t-údarás inniúil aon iniúchadh, cigireacht nó measúnúchán ar an eagraíocht oiliúna a mheasfaidh sé a mbeidh gá leis a éilliú sula n-eiseoidh sé an deimhniú.
- (c) Má chomhlíonann an eagraíocht oiliúna iarrthach na ceanglais is infheidhme, eiseoidh an t-údarás inniúil deimhniú ag baint úsáid as an bhformáid a leagtar síos i bhFoscscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn II.
- (d) Eiseofar an deimhniú ar feadh tréimhse neamhtheoranta. Sonrófar sa cheangaltán a ghabhann leis an deimhniú na gníomhaíochtaí a bheidh formheasta ag an eagraíocht oiliúna a dhéanamh.
- (e) Ní eiseofar an deimhniú i gcás ina mbeidh toradh leibhéal 1 fós ar oscailt. In imthosca eisceachtúla, déanfaidh an eagraíocht oiliúna measúnú agus maolú, de réir mar is gá, ar thoradh/thorthaí seachas toradh/thorthaí leibhéal 1, agus formheasfaidh an t-údarás inniúil plean gníomhaíochta ceartaithí chun an toradh/na torthaí a dhúnadh sula n-eiseofar an deimhniú.
- (f) Chun é a chur ar a cumas d’eagraíocht athruithe a chur chun feidhme gan formheas a fháil roimh ré ón údarás inniúil i gcomhréir le pointí ATCO.OR.B.015 agus ATCO.ARE.010(c), formheasfaidh an t-údarás inniúil an nós imeachta arna chur isteach ag an eagraíocht oiliúna lena sainítear an raon feidhme d’athruithe den sórt sin agus lena dtugtar tuairisc ar conas a dhéanfar athruithe den sórt sin a bhainistiú agus a fhógairt.”;

14. i bpointe ATCO.ARE.005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

- “(b) Chun críocha údaráis inniúil a athrú de réir phointe ATCO.A.010, formheasfaidh nó diúltóidh an t-údarás inniúil an cúrsa formhuinthe aonaid arna bhunú i gcomhréir le pointe ATCO.B.020(b) agus (e) tráth nach déanaí ná 6 seachtaine tar éis an t-iarratas ar fhormheas an chúrsa a chur isteach, agus áiritheoidh sé go n-urramófar prionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta.”;

15. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.ARE.015:

“ATCO.ARE.015 Torthaí, gníomhaíochtaí ceartaítheacha agus bearta forfheidhmithe

- (a) Beidh córas ag an údarás inniúil chun anailís a dhéanamh ar thorthaí maidir lena dtábhacht ó thaobh na sábháilteachta de agus chun cinneadh a dhéanamh ar bhearta forfheidhmithe ar bhonn an riosca a bhaineann le neamhchomhlíonadh na heagraíochta oiliúna.
- (b) Eiseoidh an t-údarás inniúil toradh leibhéal 1 nuair a bhraithfear aon neamhchomhlíonadh suntasach maidir le ceanglais is infheidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus an Rialachán seo, leis an deimhniú agus/nó a théarmaí formheasa agus pribhléidí, neamhchomhlíonadh a chuireann sábháilteacht eitle i mbaol suntasach agus/nó a chuireann amhras faoi chumas na heagraíochta oiliúna leanúint leis an soláthar oiliúna.

Áireofar ar thorthaí leibhéal 1 na nithe seo a leanas, ach ní hiad sin amháin a áirítear leo:

- (1) oiliúint a sholáthar ar bhealach a chruthaíonn riosca suntasach do shábháilteacht eitle;
- (2) teip rochtain a thabhairt don údarás inniúil ar shaoráidí na heagraíochta oiliúna mar a shainítear i bpointe ATCO.OR.B.025 le linn gnáthuaireanta oibriúcháin agus tar éis dhá iarraidh i scríbhinn;
- (3) bailíocht an deimhniúche eagraíochta oiliúna a fháil nó a choinneáil ar bun trí fhianaise dhoiciméadach a cuireadh isteach a fhalsú;
- (4) fianaise ar mhíchleachtas nó ar úsáid chalaíseach an deimhniúche eagraíochta oiliúna; agus
- (5) easpa bainisteora chuntasaigh.

- (c) Eiseoidh an t-údarás inniúil toradh leibhéal 2 nuair a bhraitear aon neamhchomhlíonadh eile le ceanglais is infheidhme Rialachán (AE) 2018/1139 agus an Rialachán seo, le nósanna imeachta agus lámhleabhair na heagraíochta oiliúna nó leis an gcineál/na cineálacha oiliúna nó an deimhniú/na deimhnithe a sholáthraítear.
- (d) I gcás ina mbraitear toradh le linn formhaoirseachta nó ar aon mhodh eile, déanfaidh an t-údarás inniúil, gan dochar d'aon ghníomhaíocht bhreise a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo, an toradh a chur in iúl i scríbhinn don eagraíocht oiliúna agus gníomhaíocht cheartaitheach a iarraidh chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh/na neamhchomhlíontachtaí a sainaitníodh.
- (1) I gcás torthaí leibhéal 1, déanfaidh an t-údarás inniúil gníomhaíocht láithreach agus iomchuí chun gníomhaíochtaí a thoirmeasc nó a theorannú, agus más iomchuí, déanfaidh sé beart chun an deimhniú a chúlghairm nó chun é a theorannú nó é a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach, ag brath ar mhéid an toraidh, go dtí go mbeidh gníomh ceartaitheach rathúil déanta ag an eagraíocht oiliúna.
- (2) I gcás torthaí leibhéal 2, déanfaidh an t-údarás inniúil:
- (i) tréimhse chur chun feidhme gníomhaíochta ceartaithí a áireofar i bplean gníomhaíochta atá iomchuí do chineál an toraidh a dheonú don eagraíocht oiliúna; agus
- (ii) measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht cheartaitheach agus ar an bplean cur chun feidhme atá beartaithe ag an eagraíocht oiliúna, agus má chinntear sa mheasúnú gur leor iad chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíontacht/na neamhchomhlíontachtaí, glacadh leo.
- (3) Mura gcuireann eagraíocht oiliúna plean gníomhaíochta ceartaithí atá inghlactha isteach, nó mura ndéanann sí an ghníomhaíocht cheartaitheach laistigh den tréimhse ama ar ghlac an t-údarás inniúil léi nó ar chuir sé síneadh léi, ardófar an toradh go toradh leibhéal 1 agus déanfar gníomhaíocht mar a leagtar síos i bpointe (d) (1).
- (e) Déanfaidh an t-údarás inniúil na torthaí go léir a bheidh faighte aige agus, i gcás inarb infheidhme, na bearta forfheidhmithe a chuir sé i bhfeidhm, a thairgeadh, chomh maith leis na gníomhaíochtaí ceartaitheacha go léir agus dáta dúnta na gníomhaíochta le haghaidh torthaí.
- (f) I gcásanna nach n-éilítear leo torthaí leibhéal 1 agus 2 a eisiúint, féadfaidh an t-údarás inniúil barúlacha a eisiúint.”;

16. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 1 a ghabhann le hlarscríbhinn II:

“Aguisín 1 a ghabhann le hlarscríbhinn II

Formáid don cheadúnas

CEADÚNAS (MIC LÉINN) RIALTÓRA AERTHRÁCHTA

Beidh an ceadúnas le haghaidh rialtóirí aerthráchta (mac léinn) arna eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo comhréireach leis na sonraíochtaí seo a leanas:

- (a) Ábhar. Déanfar uimhir na míre a phriontáil i gcónaí i bhfochair cheannteideal na míre. Is iad míreanna I go XI na míreanna ‘buana’, agus is iad míreanna XII go XIV na míreanna ‘inathraithe’ a d’fhéadfadh a bheith ar chuid ar leithligh nó inbhainte den phríomhfhoirm mar a fhorordaítear thíos. Beidh aon chuid ar leithligh nó inbhainte inaitheanta go soiléir mar chuid den cheadúnas.

1. Míreanna buana:

- (I) Stát inar eisíodh an cheadúnas;
- (II) teideal an cheadúnais;
- (III) sraithuimhir an cheadúnais le cód tíre na Náisiún Aontaithe (NA) don Stát inar eisíodh an cheadúnas agus, ina dhiaidh sin, “Ceadúnas ATCO (Mac Léinn)” agus cód uimhreacha agus/nó litreacha in uimhreacha Arabacha agus i script na Laidine;
- (IV) ainm an tsealbhóra ina iomláine (i script na Laidine, fiú más script seachas script na Laidine í script na teanga/teangacha náisiúnta);
- (IVa) dáta breithe;

- (V) seoladh an tsealbhóra, má cheanglaíonn an t-údarás inniúil é;
- (VI) náisiúntacht an tsealbhóra;
- (VII) síniú an tsealbhóra;
- (VIII) údarás inniúil;
- (IX) deimhniúchán bailíochta agus údarú le haghaidh na bpribhléidí a deonaíodh, lena n-áirítear na dátaí a eisíodh iad den chéad uair;
- (X) síniú an oifigigh a d'eisigh an ceadúnas agus dáta na heisiúna sin;
- (XI) séala nó stampa an údaráis inniúil.

2. Míreanna inathraithe:

- (XII) rátálacha agus formhuinithe le dátaí éaga;
 - (XIII) nótaí: formhuinithe ábaltachta teanga; agus
 - (XIV) aon mhionsonraí eile a éilíonn an t-údarás inniúil.
- (b) Beidh deimhniú liachta bailí ag gabháil leis an gceadúnas, ach amháin nuair a fheidhmítear pribhléidí teagascóra nó measúnóra i dtimpeallacht feistí oiliúna ionsamhalta eitilte.
- (c) Ábhar. Úsáidfead páipéar den chéad scoth agus/nó ábhar oiriúnach eile, lena n-áirítear cártaí plaisteacha, chun aon athrú nó scriosadh a chosc nó a thaispeáint go héasca. Beidh aon iontráil nó scriosadh san fhoirm údaraithe go soiléir ag an údarás inniúil.
- (d) Teanga. Scríobhfar ceadúnais i mBéarla agus, má cheanglaíonn na Ballstáit é, i dteanga/dteangacha náisiúnta agus i dteangacha eile de réir mar a mheastar is iomchuí.

Ainm agus lógó an údaráis inniúil (Béarla agus aon teanga a chinnfidh an t-údarás inniúil)	Ceanglais ⁽¹⁾
<p style="text-align: center;">AN tAONTAS EORPACH (Béarla amháin)</p> <p>CEADÚNAS (MIC LÉINN) RIALTÓRA AERTHRÁCHTA</p> <p style="text-align: center;">[Béarla agus aon teanga/teangacha a chinnfidh an t-údarás inniúil]</p> <p>Arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún</p> <p style="text-align: center;">Comhlíonann an ceadúnas seo Caighdeán ICAO [Béarla agus aon teanga/teangacha a chinnfidh an t-údarás inniúil]</p> <p style="text-align: center;">Foirm 152 EASA — Eagrán 2</p>	<p>'An tAontas Eorpach' le scriosadh i gcás Ballstáit nach Ballstáit an Aontais iad.</p> <p>Aon ochtú A4 a bheidh i méid gach leathanaigh.</p>

⁽¹⁾ Ceanglais:

Tá na leathanaigh a thagraíonn do na treoracha maidir leis an gcaoi a gcaithfead an Ceadúnas ATCO (Mac Léinn) a chomhlánú le húsáid ag an údarás inniúil nó ag an measúnóir atá údaraithe go sonrach chun na formhuinithe aonaid a athbhailíochtú nó a athnuachan. Cuirfidh an t-údarás inniúil eisiúintí tosaigh rátálacha, formhuinithe rátála, formhuinithe teanga, formhuiniú teagascóra agus measúnóra isteach i gcónaí. Déanfaidh an t-údarás inniúil nó na measúnóirí údaraithe athbhailíochtú nó athnuachan formhuinithe aonaid a chur isteach.

I	Stát eisiúna:	Ceanglais:
II	Teideal an cheadúnais:	
III	Sraithuimhir an cheadúnais:	Tosóidh sraithuimhir an cheadúnais i gcónaí le cód tíre na Náisiún Aontaithe a bhaineann le Stát eisiúna an cheadúnais agus, ina dhiaidh sin, 'Ceadúnas ATCO (Mac Léinn)'.
IV	Ainm an tsealbhóra ina iomláine:	
IVa	Dáta breithe:	Tá formáid dáta chaighdeánach le húsáid, i. e. lá/mí/bliain ina hiomláine (e.g. 31.01.2010)
XIV	Áit bhreithe:	
V	Seoladh an tsealbhóra, má cheanglaíonn an t-údarás inniúil é: Sráid, baile, ceantar, cód poist	
VI	Náisiúntacht an tsealbhóra:	Arna thabhairt le fios ag cód tíre na Náisiún Aontaithe a bhaineann leis an Stát
VII	Síniú an tsealbhóra:	
VIII	Údarás Inniúil:	
X	Síniú an oifigigh a eiseoidh an ceadúnas agus dáta eisiúna	
XI	Séala nó stampla an údaráis inniúil eisiúna	

IX	Bailíocht na bpríbléidí: <i>Tá an sealbhóir i dteideal na príbléidí a bhaineann leis an rátáil/na rátálacha agus an formhuiniú/na formhuinithe rátála seo a leanas a fheidhmiú, nuair a dhéantar iad a bhailíochtú:</i>	Ceanglais:																							
	<table border="1"> <thead> <tr> <th>Rátáil/Rátálacha</th> <th>Dáta na chéad eisiúna</th> </tr> </thead> <tbody> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> </tbody> </table> <table border="1"> <thead> <tr> <th>Formhuiniú/ Formhuinithe rátála</th> <th>Dáta na chéad eisiúna</th> </tr> </thead> <tbody> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> <tr><td> </td><td> </td></tr> </tbody> </table>	Rátáil/Rátálacha	Dáta na chéad eisiúna													Formhuiniú/ Formhuinithe rátála	Dáta na chéad eisiúna								
Rátáil/Rátálacha	Dáta na chéad eisiúna																								
Formhuiniú/ Formhuinithe rátála	Dáta na chéad eisiúna																								

XIIa Rátálacha agus formhuinithe le dátaí éaga

Tá an sealbhóir i dteideal na pribhléidí a bhaineann leis an rátáil/na rátálacha agus leis an bhformhuiniú/na formhuinithe rátála seo a leanas a fheidhmiú ag an aonad/na haonaid seirbhíse aerthráchta ina shealbhaítear an formhuiniú/na formhuinithe aonaid reatha mar a shonraítear thíos, ach amháin má tá deimhniú liachta bailí ag an sealbhóir:

<i>Aonad (Táscaire ICAO) (*)</i>	<i>Earnáil/Post (*)</i>	<i>Rátáil/Formhuiniú</i>	<i>Dáta éaga (*)</i>	<i>Síniú/stampa an údaráis nó uimhir cheadúnais agus síniú an mheasúnóra</i>

(*) Neamhbhainteach maidir le Ceadúnas ATCO Mac Léinn

XIIb	Formhuinithe eile:	Ceanglais: N/B								
	<i>Tá an sealbhóir i dteideal na pribhléidí a bhaineann leis an bhformhuiniú/na formhuinithe seo a leanas a fheidhmiú</i>									
	<table border="1"><thead><tr><th><i>OJTI/SDTI/Formhuiniú measúnóra</i></th><th><i>Dáta éaga</i></th></tr></thead><tbody><tr><td></td><td></td></tr><tr><td></td><td></td></tr><tr><td></td><td></td></tr></tbody></table>	<i>OJTI/SDTI/Formhuiniú measúnóra</i>	<i>Dáta éaga</i>							
<i>OJTI/SDTI/Formhuiniú measúnóra</i>	<i>Dáta éaga</i>									

XIII	Nótaí: Formhuiniú/Formhunithe ábaltachta teanga: [teanga(cha)/leibhéal/dáta éaga]	Áireofar formhuiniú/formhunithe ábaltachta teanga, leibhéal agus dáta éaga. Gach faisnéis cheadúnaithe bhreise le cur isteach anseo.
-------------	--	---

Giorrúcháin

Rátaí le haghaidh rialtóirí aerthráchta		Ceanglais: N/A
ADV	Amharc Rialaithe Aeradróim	
ADC	Rialú Aeradróim	
APP	Nós Imeachta um Rialú Ascnaimh	
APS	Faireachas um Rialú Ascnaimh	
ACP	Nós imeachta um Rialú Limistéir	
ACS	Faireachas Rialaithe Limistéir	
Formhunithe rátála		
SUR	Faireachas Rialaithe Aeradróim	
PAR	Radar Ascnaimh Bheacht	
SRA	Ascnamh Radair Faireachais	
OCN	Rialú Aigéanach	
Formhunithe ceadúnais		
OJTI	Teagascóir oiliúna le linn na hoibre	
STDI	Teagascóir maidir le feistí oiliúna ionsamhalta eitilte	
Measúnóir	Measúnóir".	

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn III (Cuid ATCO.OR) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2015/340 mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.OR.A.001:

“ATCO.OR.A.001 Raon feidhme

Bunaítear leis an gCuid seo, a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, na ceanglais is infheidhme maidir le heagraíochtaí oiliúna le haghaidh rialtóirí aerthráchta chomh maith le hionaid aerleighis chun deimhniú a fháil agus a choinneáil ar bun i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis an Rialachán seo.”;

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.OR.B.001:

“ATCO.OR.B.001 Iarratas ar dheimhniú eagraíochta oiliúna

- (a) Cuirfear iarratais ar dheimhniú eagraíochta oiliúna faoi bhráid an údarás inniúil in am trátha chun go bhféadfaidh an t-údarás inniúil meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Cuirfear an t-iarratas isteach i gcomhréir leis an nós imeachta arna bhunú ag an údarás sin.
- (b) Léireoidh iarratasóir ar dheimhniú tosaigh don údarás inniúil conas a chomhlíonfaidh siad na ceanglais a bhunaítear i Rialachán (AE) 2018/1139 agus sa Rialachán seo.
- (c) Áireofar na nithe seo a leanas in iarratas ar dheimhniú eagraíochta oiliúna:
 - (1) ainm agus seoladh an iarratasóra;
 - (2) seoladh/seoltaí na háite/n-áiteanna oibríochta (lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, liosta na n-aonad ATC) murab ionann é/iad agus seoladh an iarratasóra i bpointe (1);
 - (3) na hainmneacha agus na sonraí teagmhála seo a leanas:
 - (i) an bainisteoir cuntasach;
 - (ii) ceann na heagraíochta oiliúna, murab ionann é/i agus pointe (i);
 - (iii) an duine/na daoine arna (n-)ainmniú ag an eagraíocht oiliúna mar phointe/phointí comhtheagmhála chun cumarsáid a dhéanamh leis an údarás inniúil;
 - (4) dáta tosaithe beartaithe na gníomhaíochta nó an athraithe;
 - (5) liosta de na cineálacha oiliúna atá le soláthair agus cúrsa oiliúna amháin ar a laghad as gach cineál oiliúna a bheartaítear a sholáthar;
 - (6) dearbhú comhlíontachta na gceanglas is infheidhme a shíneoidh an bainisteoir cuntasach, ina luafar go bhfuil na ceanglais á gcomhlíonadh i gcónaí ag an eagraíocht oiliúna;
 - (7) próisis an chórais bhainistíochta; agus
 - (8) an dáta iarratais.”;

3. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.OR.B.005:

“ATCO.OR.B.005 Modh comhlíontachta

- (a) Féadfaidh eagraíocht aon mhodh malartach comhlíontachta a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a shuí.
- (b) Más mian le heagraíocht modh malartach comhlíontachta a úsáid, soláthróidh sí tuairisc iomlán ar an mbealach sin don údarás inniúil sula mbainfidh sí úsáid as. Áireofar sa tuairisc aon athbhreithniú ar lámhleabhair nó ar nósanna imeachta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha, mar aon le míniú ina léirítear an bealach a chomhlíontar an Rialachán seo.

Féadfaidh an eagraíocht na modhanna malartacha comhlíontachta sin a úsáid faoi réir ceadú a fháil roimh ré ón údarás inniúil.”;

4. i bpointe ATCO.OR.B.010, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) Chun a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais is infheidhme i bhFochuid D d'Iarscríbhinn I (Cuid ATCO), ní dheonófar an phribhléid oiliúint aonaid agus/nó leanúna a sholáthar ach amháin d'eagraíochtaí oiliúna:

- (1) a shealbhaíonn deimhniú le haghaidh soláthar na seirbhíse rialaithe aerthrácha; nó
- (2) a bhfuil comhaontú sonracha tugtha i gcrích acu leis an soláthraí ATC.”;

5. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.OR.B.015:

“ATCO.OR.B.015 Athruithe ar an eagraíocht oiliúna

(a) Beidh gá le formheas roimh ré maidir leis an athrú seo a leanas sula gcuirfear chun feidhme é, mura rud é go dtabharfar fógra ina leith agus go mbainistítear athrú den sórt sin i gcomhréir le nós imeachta arna fhorghrú ag an údarás inniúil mar a leagtar síos i bpointe ATCO.ARE.010(c):

- (1) athrú a dhéanann difear do raon feidhme an deimhnithe nó do théarmaí formheasa na heagraíochta oiliúna; nó
- (2) athrú a dhéanann difear d'aon eilimint ábhartha de chórais bhainistíochta na heagraíochta oiliúna.

(b) I gcás aon athrú a gceanglaítear leis formheas roimh ré i gcomhréir le pointe (a), déanfaidh an eagraíocht oiliúna iarratas ar fhorghrú arna eisiúint ag an údarás inniúil agus gheobhaidh sí é. Cuirfear an t-iarratas isteach sula dtarlóidh aon athrú den sórt sin, chun é a chur ar a chumas don údarás inniúil comhlíontacht leanúnach leis an Rialachán seo a chinneadh agus chun an deimhniú ón eagraíocht oiliúna agus téarmaí gaolmhara an fhorghrú atá curtha i gceangal leis a leasú, más gá.

Soláthróidh an eagraíocht oiliúna aon doiciméadacht ábhartha don údarás inniúil.

Ní chuirfear an t-athrú chun feidhme ach amháin nuair a bheidh formheas foirmiúil faighte ag an údarás inniúil i gcomhréir le pointe ATCO.ARE.010.

Oibreoidh an eagraíocht faoi na coinníollacha a fhorordóidh an t-údarás inniúil le linn na n-athruithe sin, de réir mar is infheidhme.

- (c) Tabharfar fógra ar athruithe ar na heilimintí dá dtagraítear i bpointe (a) de bharr imthosca gan choinne don údarás inniúil gan mhoill chun formheas a fháil de réir mar is gá.
- (d) Tabharfaidh eagraíochtaí oiliúna fógra don údarás inniúil nuair a scoirfidh siad dá ngníomhaíochtaí.”;

6. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.OR.B.020:

“ATCO.OR.B.020 Bailíocht leanúnach

(a) Fanfaidh deimhniúchán eagraíochta oiliúna de bheith bailí faoi réir nach dtabharfar suas nó nach gcúlghairfear an deimhniú agus faoi réir fhanacht na heagraíochta oiliúna i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2018/1139 agus an Rialachán seo, agus na forálacha a bhaineann le láimhseáil torthaí i gcomhréir le pointe ATCO.OR.B.030 á gcur san áireamh.

(b) Tabharfar an deimhniú ar ais don údarás inniúil gan mhoill ar é a chúlghairm nó ar scor de na gníomhaíochtaí go léir.”;

7. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.OR.B.030:

“ATCO.OR.B.030 Torthaí

Tar éis fógra a fháil faoi thorthaí arna n-eisiúint ag an údarás inniúil i gcomhréir le pointe ATCO.ARE.015, déanfaidh an eagraíocht oiliúna:

- (a) bunchúis an toraidh a shainiú;
- (b) plean gníomhaíochta ceartaithí a shainiú a chomhlíonann glacadh an údarais inniúil; agus
- (c) cur chun feidhme gníomhaíochta ceartaithí a léiriú chun shástacht an údarais inniúil laistigh den tréimhse a comhaontaíodh leis an údarás sin mar a shainítear i bpointe ATCO.ARE.015.”;

8. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.OR.B.035:

“ATCO.OR.B.035 Freagairt láithreach ar fhadhb shábháilteachta

Déanfaidh an eagraíocht oiliúna aon bhearta sábháilteachta arna sainordú ag an údarás inniúil i gcomhréir le pointe ATCO.AR.A.025 (c) agus (d) le haghaidh ghníomhaíochtaí na heagraíochta oiliúna a chur chun feidhme.”;

9. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.OR.B.040:

“ATCO.OR.B.040 Tuairisciú teagmhas

- (a) Mar chuid dá gcóras bainistíochta, déanfaidh eagraíochtaí oiliúna a sholáthraíonn oiliúint le linn na hoibre córas tuairiscithe tarluithe a bhunú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear tuairisciú éigeantach agus deonach. Áiritheoidh na heagraíochtaí oiliúna atá bunaithe i mBallstát agus a sholáthraíonn oiliúint le linn na hoibre ar an gcríoch lena mbaineann na Conarthaí go gcomhlíonfaidh an córas ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus a ghníomhartha cur chun feidhme agus ceanglais Rialachán (AE) 2018/1139 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme.
- (b) Tuairisceoidh eagraíochtaí oiliúna a sholáthraíonn oiliúint le linn na hoibre oibre don údarás inniúil agus d'aon eagraíocht eile a cheanglaítear don Bhallstát ina gcuireann an eagraíocht oiliúna oiliúint le linn na hoibre í a chur ar an eolas, aon teagmhas nó riocht a bhaineann le sábháilteacht de thoradh a ngníomhaíochta oiliúna a chuireann aeráthach, a áititheoirí nó aon duine eile i mbaol nó, mura ndéantar é a cheartú nó mura dtugtar aghaidh air, a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol, agus go háirithe aon timpiste nó teagmhas tromchúiseach.
- (c) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, a mhéid a bhaineann le tuarascálacha i gcomhréir le pointe (b) thuas:
- (1) déanfar iad a luaithe agus is indéanta, ach in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis don eagraíocht teacht ar an eolas faoin teagmhas nó faoin staid lena mbaineann an tuarascáil, mura gcoisctear é sin de dheasca imthosca eisceachtúla;
- (2) déanfar iad i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an t-údarás inniúil;
- (3) beidh an fhaisnéis ábhartha uile iontu faoin staid is eol don eagraíocht.
- (d) I gcás eagraíochtaí oiliúna nach bhfuil bunaithe i mBallstát agus a sholáthraíonn oiliúint le linn na hoibre ar an gcríoch lena mbaineann na Conarthaí, a mhéid a bhaineann leis na tuarascálacha éigeantacha tosaigh:
- (1) déanfar rúndacht chéannacht an tuairisceora agus na ndaoine a luaitear sa tuarascáil a chosaint go hiomchuí;
- (2) déanfar iad a luaithe is indéanta, ach in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis don eagraíocht teacht ar an eolas faoin tarlú mura gcoisctear é sin de dheasca tosa eisceachtúla;
- (3) déanfar iad i bhfoirm agus ar mhodh a bhunóidh an t-údarás inniúil; agus
- (4) beidh an fhaisnéis ábhartha uile iontu faoin staid is eol don eagraíocht.
- (e) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus dá ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, i gcás inarb ábhartha, maidir le tarluithe comhchosúla a chosc amach anseo, déanfar tuarascáil leantach ina soláthrófar sonraí na ngníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an eagraíocht a ghlacadh a luaithe a aithneofar na gníomhaíochtaí sin; maidir leis na tuarascálacha leantacha sin:
- (1) seolfar iad chuig na heintitis ábhartha a tuairiscíodh i dtús báire de réir phointí (b) agus (c); agus
- (2) déanfar iad i bhfoirm agus ar bhealach a bhunóidh an t-údarás inniúil.”;
10. i bpointe ATCO.OR.C.010, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):
- “(d) Coinneoidh eagraíochtaí oiliúna taifead ar bun ar theagascóirí teoiriciúla agus na cáilíochtaí gairmiúla ábhartha acu, lena n-áirítear léiriú ar eolas agus taithí leordhóthanach, measúnú ar theicnící teagaisc agus na hábhair a bhfuil siad i dteideal a mhúineadh.”;

11. i bpointe ATCO.OR.D.001, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) na hábhair, na topaicí agus na fothopaicí le haghaidh formhuinithe rátála i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn I (Cuid ATCO);”;

12. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ATCO.OR.E.001:

“ATCO.OR.E.001 Ionaid aerleighis

Cuirfidh ionaid aerleighis (AeMCanna) forálacha Fhochodanna ORA.GEN agus ORA.AeMC d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún i bhfeidhm (Rialachán an Aerchríú) ⁽¹⁾, le:

(a) aicme 3 le cur in ionad gach tagartha d'aicme 1; agus

(b) Cuid ATCO.MED le cur in ionad gach tagartha do Chuid-MED.”.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2011 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le foirne eitlíochta sibhialta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 311, 25.11.2011, lch. 1).

IARSCRÍBHINN IV

Leasaítear Iarscríbhinn IV (Cuid ATCO.MED) a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún mar a leanas:

1. i bpointe ATCO.MED.A.005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) eisiúint, bailíocht, athbhailíochtú agus athnuachan an deimhnithe leighis a cheanglaítear chun pribhléidí ceadúnais rialtóra aerthráchta nó ceadúnais mic léinn rialtóra aerthráchta a fheidhmiú; agus”;

2. i bpointe ATCO.MED.A.020, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) I dteannta na gceanglas a leagtar síos i bpointe (a), déanfaidh sealbhóirí deimhnithe leighis d’aicme 3, gan moill mhíchúí agus sula bhfeidhmeoidh siad pribhléidí a gceadúnais, comhairle aerleighis a lorg i gcás:

(1) ina ndeachaigh siad faoi obráid mháinliachta nó faoi ghnáthamh ionrach;

(2) ina bhfuil tús curtha acu le húsáid thráthrialta aon chógas;

(3) inar fhulaing siad aon díobháil phearsanta shuntasach a bhaineann le haon éagumas pribhléidí an cheadúnais a fheidhmiú;

(4) ina bhfuil siad ag fulaingt de bharr aon tinneas suntasach a bhaineann le haon éagumas pribhléidí an cheadúnais a fheidhmiú;

(5) ina bhfuil siad ar an eolas faoi bheith ag iompar clainne;

(6) inar glacadh isteach in ospidéal nó i gclinic leighis iad;

(7) inar gá dóibh lionsaí ceartúcháin a chaitheamh.

Sna cásanna sin, déanfaidh an AeMC nó AME measúnú ar oiriúnacht liachta an tsealbhóra ceadúnais nó an rialtóra aerthráchta mac léinn agus cinntí sé an bhfuil sé nó sí oiriúnach chun feidhmiú a gcuid pribhléidí a atosú.”;

3. i bpointe ATCO.MED.A.030, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

“(a) Beidh iarratasóirí ar cheadúnas rialtóra aerthráchta, nó ar cheadúnas mic léinn rialtóra aerthráchta, agus sealbhóirí na gceadúnais sin, ina sealbhóirí de dheimhniú leighis d’aicme 3, ach amháin nuair a fheidhmítear na pribhléidí i dtimpeallacht feistí oiliúna ionsamhalta eitle.”.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)